


Coláiste Ghobnait Inis Oírr



Polasaí Riachtanais Breise Oideachas 2025/2026

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 04/10/2023
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
(BOOGR) ar an 27/2/2024

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an
Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

“Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile.”

ÉITEAS



Clár

Cuid 1: Riachtanais Breise

Cuid 2: Cúntóir Riachtanais speisialta

Cuid 3: Comh Mhúinteoireacht agus ag Múineadh scoláire aonair

Cuid 4: Comhad Tacaíochta Scoláire - Treoirlínte

Prionsabal

Sa bpolasaí seo, leagtar síos creat d'fhonn comhordú éifeachtach a dhéanamh ar na hacmhainní breise múinteoireachta a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ar fáil mar thacaíocht do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachasúla (RBO) acu.

Is cuid lárnach den chreat ionchuimsitheach uilescoile, soláthar éifeachtach a chur ar fáil do scoláirí RBO – soláthar a chuireann béim ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim éifeachtach do chuile scoláire chomh maith le compháirtíocht mhaith idir scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí. Is polasaí é seo atá dhá fhorbairt agus tugtar san áireamh athruithe cleachtais de réir mar a bhíonn siad ag tarlú ag leibhéal polasaí náisiúnta. Ina theannta sin, tá an polasaí ann le cinntiú go bhfuil nósanna imeachta feiliúnacha á gcur i bhfeidhm le go mbeadh an scoil in ann:

- Measúnú cruinn agus feiliúnach a dhéanamh ar riachtanais na scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachasúla acu.
- Measúnú a dhéanamh ar chumas na scoile freastal ar na riachtanais a aithnítear.
- Aithint go sonrach cé na hacmhainní breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó na scoláirí/ón scoil le freastal orthu siúd atá i gceist.

Aidhm an pholasaí seo

Tá sé mar aidhm ag an bpolasaí seo cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear tacaíocht oideachais bhreise ar fáil i gColáiste Ghobnait do scoláirí a bhfuil Riachtanais Breise Oideachais acu agus ar an bhfealsúnacht atá taobh thiar de. Ba cheart glacadh leis an bpolasaí seo mar cháipéis oibre agus ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpolasaí ar bhonn bliantúil. Fáiltíonn Coláiste Ghobnait roimh dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise Oideachais acu.

Sonraíonn an tAcht um Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Oideachasúla Speisialta 2004, Alt 2 “Cuirfear oideachas ar leanbh le riachtanais oideachasúla speisialta i dtimpeallacht uile-chuimsitheach le leanaí nach bhfuil na riachtanais sin acu, ach amháin mura dtéann nádúr nó leibhéal riachtanais an linbh sin le

a) leas is fearr an linbh mar a chinntítear é de réir aon mheasúnachta a dhéantar faoin Acht seo, nó

b) foráil éifeachtúil oideachais do na leanaí lena bhfuil an leanbh chun oideachas a fháil.

- Soiléiriú a dhéanamh ar an ról atá ag gabháil do fhoireann na scoile in Oideachais Speisialta.
- Timpeallacht shábháilte a chur ar fáil inar féidir féin mhuinín a mhúscailt i ngach scoláire.
- Scoláire a fhorbairt maidir le foghlaim neamhspleách.
- Acmhainní breise a chur ar fáil má tá siad ag teastáil.
- Comhoibriú agus tacaíocht na dTuismitheoirí/Caomhnóirí a fháil.
- Córas monatóireacht a bhunú chun dul chun cinn na scoláirí a mheas.

Déanfaidh Coláiste Ghobnait gach aon iarracht go mbeadh gach deis ag gach scoláire a bheith páirteach i ngach gníomh agus gné de shaol na scoile, chomh mór agus is féidir.

Tuigtear i gColáiste Ghobnait a thábhachtaí is atá sé dushlán foghlama agus Riachtanais Breise a aithint chomh luath agus is féidir sa chóras oideachais agus mar sin déanfaidh Coláiste Ghobnait gach iarracht a chinntiú go dtabharfar an tacaíocht chuí do na scoláirí ar fad atá faoinár gcúram, go háirithe iad siúd bhfuil

deacrachtaí foghlama nó Riachtanais Breise acu. Tá gach scoláire i gColáiste Ghobnait luachmhar agus tá sé tábhachtach go bhfaigheann gach scoláire an deis barr a gcumais a bhaint amach de réir a n-ábaltacht. Tuigeann Coláiste Ghobnait go bhfuil difríochtaí idir scoláirí agus go gcuireann na difríochtaí sin le saibhreas agus le héagsúlacht an phobail scoile.

Beidh muid ag súil le polasaí éifeachtach gníomhach i gColáiste Ghobnait ionas go mbeidh an timpeallacht foghlama eagraithe, rud a chinntíonn go gcuirfear oideachais iomlán agus éifeachtach de ardchaighdeán ar fáil do gach scoláire.

I gColáiste Ghobnait, déantar gach iarracht timpeallacht thaitneamhach, shlán, shábháilte a chur ar fáil ina ndéantar oideachas trí mheán an Gaeilge a sholáthar.

Creideann Coláiste Ghobnait go mbaintear amach na torthaí foghlama is fearr nuair a ghlacann scoláirí le húinéireacht ar a bhfoghlaim féin. Tugann an contanam tacaíocht oideachais deis do scoláirí agus do mhúinteoirí a bheith páirteach in iniúchta scileanna agus i gcomhráite maidir le dúshlán foghlama an scoláire.

Is timpeallacht shábháilte, ionchuimsitheach é Coláiste Ghobnait, áit a bhfuil meas ar chuile scoláire agus chuile bhall foirne. Fáiltítear roimh chuile dhuine, glactar le chuile dhuine agus cothaítear cóimheas. Tá an scoil tiomanta don fhís go mbainfeadh chuile scoláire amach barr cumais i dtimpeallacht thuisceanach, dhearfach. Ag teacht le héiteas na scoile i gColáiste Ghobnait is é an scoláire féin atá i gcroílár an tsoláthair thacaíochta RBO. Mar mhúinteoirí, féachann muid le freastal ar réimse riachtanais oideachasúla inár gcuid ranganna. Bíonn sé mar aidhm againn i gcónaí chuile scoláire, agus scolairí le RBO ina measc, a bheith rannpháirteach ar bhealach dearfach sa rang. Baineann muid úsáid as modheolaíochtaí foghlama gníomhacha a chuireann ionchuimsiú agus foghlaim chun cinn. Fáiltíonn Coláiste Ghobnait roimh scoláirí le RBO agus tá sé mar aidhm againn prionsabail Acht EPSEN (2004) a bhaint amach:

- Áit ar bith gur féidir, múinfear daoine le RBO i dtimpeallacht ionchuimsitheach in éineacht le daoine eile nach bhfuil riachtanais den chineál céanna acu.
- Tá sé de cheart ag daoine le RBO fáil a bheith acu ar oideachas feiliúnach agus tairbhe a bhaint as.
- Ag fágáil na scoile, ba cheart go mbeadh na scileanna atá riachtanach le páirt ghníomhach a ghlacadh de réir a gcumais in imeachtaí sóisialta agus eacnamaíochta an tsochaí ag scoláirí le RBO. Ba cheart go mbeadh na scileanna acu le maireachtáil go neamhspleách agus le saol lánsásta, iomlán a bhaint amach.

Critéir a chinnteoidh go n-éireoidh leis an bpolasaí

1. Ionchur agus aiseolas an mhúinteora.
2. Feabhas ar thorthaí na scrúduithe (measúnú sa scoil, scrúduithe stáit).
3. Feabhas ar aird agus rannpháirtíocht an dalta.
4. Oideachas a chríochnú san Iar-bhunscoil agus leanúnachas go tríú leibhéal
5. Cumas a shroichint sna scrúduithe stáit.
6. Nasc a choinneáil le Tuismitheoirí/Caomhnóirí.
7. Athbhreithniú ar an bplean agus é a choinneáil suas chun dáta.
8. Cruinnithe Foirne.

Critéir Rathúlachta

Beidh rath ar an oideachas speisialta ...

- Má éiríonn le scoláirí le RBO na spriocanna a bhfuilfear ag súil leo a bhaint amach, ag comhoibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad. (Bainfear úsáid as measúnú foirimiúil agus neamhfhoirmiúil chun é seo a mheas).
- Má éiríonn go maith le scoláirí le RBO agus mura dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu níos mó.

Aidhmeanna agus cuspóirí

- Cinntiú go bhfuil gach múinteoir ábhar ar an eolas faoi na Riachtanais Breise oideachais atá ag na daltaí atá os a gcomhair agus faoin tairbhe is féidir le na múinteoirí ábhar a dhéanamh do na daltaí seo ag baint úsáid as an Contanam Tacaíochta.
- Éifeacht phraiticiúil a thabhairt do chearta bunreachtúla leanaí a bhfuil míchumas acu nó a bhfuil Riachtanais Breise oideachais eile acu, de réir mar a bhaineann na cearta sin le hoideachais.
- Leibhéal agus caighdeán oideachais atá ag teacht le riachtanais agus cumais gach scoláire sa scoil a chur ar fáil, a mhéid is atá praiticiúil agus is atá na hacmhainní ar fáil.
- Cinntiú go gcuirfí oideachas ar dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu i dtimpeallacht uilechuimsitheach ag baint úsáid as an Contanam tacaíochta.
- Dearbhú go bhfuil an ceart céanna ag daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu, leas agus tairbhe a bhaint as oideachas is atá ag daltaí nach bhfuil na riachtanais sin acu.
- Soláthar a dhéanamh do rannpháirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí in oideachas a bpaistí agus sa phróiseas cinnteoireachta maidir lena bpaistí.
- Comhoibriú leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus le gníomhaireachtaí eile maidir le hoideachas daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu.
- Cinntiú nach ndéileálfar le Riachtanais Breise oideachais leo féin ach go gcaithfear leo i gcomhthéacs na scoile agus an phobail ina n-iomláine.
- Cinntiú go dtairgfear curaclam leathan, meáite agus éagsúlaithe do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu agus go ndéanfar freastal orthu ar bhealach uilechuimsitheach.
- Caighdeán arda a shocrú do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu agus treoir chuí agus spreagadh a thabhairt dóibh a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.
- Go gcinnteoidh gach múinteoir ábhair a s(h)aineolas féin a fhorbairt chun tacú le daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu de réir mar is gá.
- Páirtnéireachtaí dearfacha a spreagadh agus a chothú le tuismitheoirí d'fhonn leibhéal tacaíochta cuí a bhaint amach sa bhaile agus sa scoil.
- Comhairle, treoir agus tacaíocht gníomhaireachtaí eile a chomhordú chun tacú le daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu.
- Cinntiú go mbainfí úsáid as acmhainní ar bhealach éifeachtach.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcleachtas atá ann chun tacú le daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu.
- Cearta bunreachtúla mar a bhaineann sé le cúrsaí oideachais a chur i bhfeidhm go praiticiúil do ghasúir le míchumas nó le RBO eile.
- Leibhéal agus caighdeán feiliúnach oideachais a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ar chumas scoláirí uile na scoile, chomh fada is atá sé praiticiúil agus na hacmhainní a bheith ar fáil.
- Cinntiú go n-aithnítear scoláirí le RBO agus go ndéantar freastal orthu ar bhealach cothram le go ndéanfaí forbairt ar a n-acmhainn foghlama, ar a ndínit agus ar a bhféinmheas, agus go léirítear meas orthu dá réir.
- Cinntiú nach mbreathnaítear ar scoláirí le RBO astu féin, ach i gcomhthéacs phobal na scoile uilig.
- Saineolas na foirne mar a bhaineann sé le tacú le scoláirí le RBO a fhorbairt.
- Comhordú a dhéanamh ar chomhairle, ar threoir agus ar thacaíocht áisíneachtaí eile a thugann tacaíocht do scoláirí le RBO.

Tástalacha Cumais Chognaíoch

- NGRT
- WRAT₄
- CAT₄
- MDLI – G


Déantar an CAT₄ agus NGRT le gach scoláire a thosaíonn i mbliain 1.

An Creat Reachtaíochta

Cuireann an polasaí an reachtaíocht seo a leanas san áireamh:

- An tAcht Oideachais (1998)
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000)
- An tAcht Comhionannais (2004)
- An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- Na hAchtanna um Cosaint Sonraí (1988, 1998, 2003 and 2018)
- Acht EPSEN (Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais) (2004)
- An tAcht um Tús Áite do Leanaí (2015)
- An tAcht (Iontrálacha Scoile) Oideachais (2018)

CONTANAM TACAÍOCHTA



Seo na leibhéil tacaíochta a leanas atá sa Chontanam Tacaíochta.
Eolas breise léitheoireachta ar fáil maidir leis an gContanam Tacaíochta atá i bhfeidhm i gColáiste Ghobnait – féach **Aguisín 9???**

Den chuid is mó, is féidir freastal ar riachtanais thosaigh scoláirí trí hidirghabhálacha ag leibhéal an ranga. I gcás roinnt bheag scoláirí, áfach, bíonn deacrachtaí níos suntasaí i gceist, deacrachtaí is féidir a aithint chomh luath agus a thagann siad ar scoil. I gcásanna dá leithéid, bheadh Plean Tacaíochta Scoile nó Plean Tacaíochta Scoile Móide níos feiliúnai mar chéad chéim. Scoláirí nuathagtha a bheadh i gceist ansin den chuid is mó ach d’fhéadfadh sé bheith i gceist chomh maith i gcás scoláire ar tharla eachtra éigean dó a raibh impleachtaí suntasacha leis don scolaíocht.

COMHAD AN SCOLÁIRE UM LEANÚNTAS TACAÍOCHTA	
AINM AN SCOLÁIRE	
DÁTA BREITHE	
SCOIL	
AN DÁTA A OSCLAÍODH AN COMHAD	
AN DÁTA A DÚNADH AN COMHAD	

PRÓISEAS TRÍ CHÉIM CHUN TACÚ LE DALTAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS BREISE OIDEACHAIS ACU



Ag tacú le scoláirí le Riachtanais Bhreise Oideachasúla

Ag dul de réir Chreat Contanam Tacaíochta NEPS, moltar próiseas 3 chéim le scoláirí le riachtanais bhreise oideachasúla a aithint agus le tacú leo. Bíonn contanam i gceist le RBO. Bíonn réimse leathan d'éagsúlacht chumais i gceist - míchumas éadrom go míchumas níos dáiríre, míchumas neamhbhuan go míchumas fadtéarmach. Bíonn leibhéil éagsúla tacaíochta ag teastáil ó scoláirí éagsúla ag braith ar cé na riachtanais ar leith atá acu. Cabhraíonn an creat seo le deimhniú go dtugtar an cúnamh breise isteach de réir a chéile, is é sin go ndéantar an idirghabháil go hincriminteach. Tosaítear le hidirghabháil ag leibhéal ranga agus ina dhiaidh sin de réir mar a theastaíonn sé, tugtar tacaíocht níos treise don scoláire aonair. Coinnítear súil ghrinn ar an dul chun cinn agus is air sin a bhunaítear an leibhéal tacaíochta. (Treoirínte ROS do Scoileanna Iarbhuscoile: Ag tacú le scoláirí le RBO i Scoileanna Príomhdhrutha, Lch.6.

<https://www.education.ie/ga/An-C%C3%B3ras-Oideachais/Oideachas-Speisialta/treoirinte-diar-bhunscoileanna-ag-tacu-le-daltai-i-scoileanna-priomhshrutha-a-bhfuil-riachtanais-speisialta-oideachais-acu.pdf>).

Ról an Bhoird Bainistíochta

Maíonn an tAcht Oideachais 1998: 15.

(2) d. go bhfoilseoidh an Bord Bainistíochta “Polasaí na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí.” Sonraíonn Alt 15 (2) f. “go n-úsáidfídh Boird Bhainistíochta acmhainní a chuirtear ar fáil don scoil faoi réir Alt a 12, chun soláthar réasúnach a dhéanamh do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise acu.”

- Cinntiú go gcuirfear an Contanam Tacaíochta i bhfeidhm i gColáiste Ghobnait.
- Cinntiú go n-aithneofar agus go ndéanfar measúnú ar gach dalta a bhfuil tacaíocht foghlama ag teastáil uathu nó a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu ag baint úsáid as an contanam tacaíochta.
- Gur polasaí suntasach é.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí.
- Go bhfuil misiún agus éiteas Choláiste Ghobnait machnaithe sa pholasaí.
- Go bhfuil an polasaí ag cloí le riachtanais reachtúla.
- Cinntiú go bhfuil polasaí maidir le Riachtanais Breise oideachais ag an scoil, go ndéanfar monatóireacht ar fhorfheidhmiú an pholasaí sin agus go ndéanfar measúnú air go leanúnach.
- Cinntiú go dtairgfear curaclam leathan, meáite agus éagsúlaithe do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu agus go ndéanfar freastal orthu ar bhealach uilechuimsitheach.
- Cinntiú go lorgófar na hacmhainní atá riachtanach thar ceann daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu.
- Forbairt páirtnéireachtaí dearfacha le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí/ pearsanra ábhartha eile a chur chun cinn agus cinntiú go gcuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir le Riachtanais Breise oideachais a linbh agus faoin gcaoi a bhfuil na riachtanais sin á gcomhlíonadh.
- Cinntiú go rachfar i gcomhairliúchán le tuismitheoirí maidir le gach cinneadh suntasach a dhéanfar i ndáil le hoideachas a bpáiste, agus go dtabharfar cuireadh dóibh a bheith páirteach sna cinntí sin.

Ról an Phríomhoide/Príomhoide Tánaisteach

Is iad an Príomhoide atá freagrach as gach gné de bhainistíocht laethúil polasaí agus soláthar do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu thar ceann bord bainistíochta Choláiste Ghobnait. D’fhéadfadh an Príomhoide feidhmeanna áirithe a tharmligean do mhúinteoirí cuí (mar atá sonraithe in Alt 18 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Breise Oideachais Acu 2004)

- Cinntiú go gcuirfear an contanam Tacaíochta i bhfeidhm i gColáiste Ghobnait.
- An polasaí a chur i bhfeidhm, tacú le daltaí agus le múinteoirí atmaisféar dearfach a chruthú.
- Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le riachtanais agus soláthar, i gcomhairliúchán le pearsanra ábhartha eile. Áirítear leis seo freisin iarratais ar oiriúntais agus díolúintí réasúnta i ndáil le scrúduithe stáit chomh maith le measúnuithe.
- Cinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as acmhainní, lena n-áirítear leithdháileadh uaireanta acmhainne agus cistí.
- Cur chuige na scoile uile a chur chun cinn maidir le riachtanas oideachais speisialta, gach ball foirne a chur ar an eolas faoina ndualgais sa réimse sin agus forbairt foirne chuí a éascú sa réimse sin.
- Forbairt páirtnéireachtaí dearfacha a spreagadh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu.

An Comhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta (COROS)

Déanfaidh na múinteoirí RBO measúnú ar na scoláirí atá faoina gcúram. Déanfaidh siad idirghabháil le baill foirne eile de réir mar atá feiliúnach. Baileoidh siad eolas ó na Pasanna Oideachais agus ó tástálacha caighdeánach. Cuirfidh siad Pleananna Tacaíochta Leibhéal 2 nó 3 i dtoll a chéile, cuirfidh siad i bhfeidhm iad agus déanfaidh siad monatoireacht orthu.

- Déanfaidh an Comhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta (COROS) comhordú ar chruinnithe le múinteoirí atá ag cur tacaíocht ar fáil.
- Déanfaidh an COROS ionadaíocht ar son na Foirne RBO agus labhróidh sé/sí ar a son ag cruinnithe den Choiste Tréadchúraim. Oibreoidh sé/sí i gcomhar leo, le freastal ar riachtanais chúraim scoláirí uile na scoile, scoláirí le RBO san áireamh. Cabhróidh sé/sí leis na scoláirí sin a bhfuil deacrachtaí sóisialta/mothúchanacha acu.
- Stiúróidh sé/sí measúnuithe do RACE, DARE, HEAR.
- Forbróidh agus cuirfidh sé/sí i bhfeidhm polasaí uilescoile RBO faoi threoir an Phríomhoide.
- Treoróidh sé/sí na Múinteoirí Ábhair ag cur tacaíocht ar fáil do scoláirí le RBO.
- Gabhfaidh sé/sí i gcomhairle le tuismitheoirí scoláirí RBO maidir lena gcuid riachtanais foghlama ar leith.
- Gabhfaidh sé/sí i gcomhairle le háisíneachtaí seachtracha le socruithe a dhéanamh maidir le measúnuithe oideachasúla agus soláthar tacaíochta do scoláirí le RBO.
- Éascóidh sé/sí an t-aistriú ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna eile do scoláirí le RBO i gcomhar leis an bPríomhoide.
- Treoróidh sé/sí an próiséas 3-chéim – ag aithint an riachtanais, ag dul i mbun idirghabhála, ag monatoireacht agus coinneáil taifead ar an dul chun cinn.
- I gcomhar leis an bPríomhoide agus leis an eagraí riachtanais oideachais speisialta (SENO), déanfaidh an COROS leithdháileadh ar na hacmhainní, ar nós uaireanta breise múinteoireachta agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT) do scoláirí RBO.
- Socróidh an COROS go gceannófar Teicneolaíocht ICT feiliúnach do na scoláirí RBO atá i dteideal deontas na Roinne Oideachais & Óige don Teicneolaíocht Chúnta.
- Eagróidh sé/sí go bhfaighidh scoláirí le RBO díolúine ó ábhair ar leith de réir mar is gá.
- I gcomhar le Rúnaí na Scrúduithe agus leis an bPríomhoide Tánaisteach eagróidh an COROS go bhfaighidh scoláirí le RBO cúnamh ar leith Comhréiteach Réasúnta nó “Reasonable Accomodation” sna scrúduithe Scoile.

Daoine Gairmiúla Eile

- D’fhéadfadh Síceolaithe Oideachasúla, Teiripeoirí Cainte agus Urlabhra etc. a bheith san áireamh go hindíreach freisin, ag tairiscint comhairliúcháin nó comhairle tríd an bhFoireann RBO.
- Beidh ar an gComhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta cinntiú go bhfuil comhad tacaíochta scoláire i bhfeidhm do gach scoláire – eolas bailithe, pleananna, idirghabhálacha comhairliúcháin agus athbhreithniú.
- Roinntear na torthaí measunaithe ó na scrúduithe caighdeánach le múinteoirí abhairs ar VSWare (tab AEN) chun pleanáil le haghaidh eispéireas foghlama daltaí agus freastal ar a gcuid riachtanais.

An Múinteoir Gairmthreorach

Is cuid den fhoireann RBO é an Múinteoir Gairmthreorach agus ba cheart dó/di:

- Cabhrú le baill eile den Fhoireann RBO ionchuimsitheacht scoláirí RBO sa scoil a chur chun cinn
- Treoir agus tacaíocht ar bhonn aonair a chur ar fáil do scoláirí le RBO agus tuismitheoirí a bheith páirteach de réir mar a theastaíonn
- Cabhrú le scoláirí ag tráthanna difriúla dá saol scoile ag roghnú na nábhar ceart agus ag déanamh cinnithe maidir le gairm. Tá sé tábhachtach go gcabhródh an Múinteoir Gairmthreorach leis an scoláire RBO a bheith réalaióch faoi na spriocanna gairme a bheadh acu.
- Obair i gcomhar leis an bhFoireann RBO sa bpróiseas measúnaithe.
- Cabhrú le scoláirí RBO forbairt go pearsanta agus go sóisialta.
- Cás a chur ar aghaidh nó treoir nó cúnamh a iarraidh ó dhaoine gairmiúla eile agus áisínteachtaí eile nuair is gá.
- Cabhrú le réiteach gairme i.e. scileanna agallaimh, taithí oibre etc.

Ról an Mhúinteoir Ábhair:

- An contanam Tacaíochta a chur i bhfeidhm i gColáiste Ghobnait.
- Tá nótaí ar fáil ar an gcóras VS Ware (AEN Tab) faoi riachtanais daltaí. Tá sé de dhualgas ar an múinteoir ábhair iad seo a léamh agus na socraithe cuí a chur i bhfeidhm dá rang.
- Pleanáil a dhéanamh chun freastal ar riachtanais gach scoláire sa rang.
- Déanfaidh an múinteoir ábhair na hathruithe cuí sna straitéisí múinteoireachta agus na cuspóirí foghlama ionas go ndéanfaidh na scoláirí an dul chun cinn atá ar a gcumas a bhaint amach.
- Ba cheart go mbeadh **difreáil** á chur i bhfeidhm sa rang chun dul i ngleic le riachtanais scoláirí i gColáiste Ghobnait. Is bealach é difreáil inár féidir le múinteoirí ábhair tacú le timpeallacht uileghabhálach a chothú sa scoil.
- Iarrann an Múinteoir Ábhair comhairle ón bhFoireann RBO
- Cuireann sé/sí Plean Tacaíochta Leibhéal a 1 i bhfeidhm nuair is gá
- Coinníonn sé/sí an Múinteoir Bliana ar an eolas faoin bPlean Tacaíochta Ranga
- Coinníonn sé/sí cuntas scríofa ar eolas ábhartha agus ar bhearta a chuirtear i bhfeidhm.
- Nótaí ar fad curtha ar fáil ar MSTEams/One Note an scoláire.

(Treoirlínte ROS d'Iar-Bhunscoileanna: Ag Tacú le Scoláirí le ROS i Scoileanna Príomhshrutha, lch.13,14)

Is ar na Múinteoirí Ábhair atá an chéad fhreagracht as oideachas na scoláirí ar fad ina gcuid ranganna. Dá réir sin, ba cheart do na Múinteoirí Ábhair a chinntiú go bpleanáilann siad a gcuid ceachtanna go cúramach, ag tabhairt aghaidh ar na riachtanais éagsúla atá taobh istigh den seomra ranga. Ba cheart do chuile Mhúinteoir Ábhair cur chuige múinteoireachta agus modheolaíocht a chur i bhfeidhm a chuirfeas scoláirí le RBO san áireamh ar bhealach fiúntach.

Ina measc sin tá:

- Múinteoireacht agus foghlaim chomhoibritheach taobh istigh de na seomraí ranga príomhshrutha.
- Gníomhaíochtaí comhoibritheacha i dtaca le fadhb-réiteach.
- Difreálú
- Idirghabhálacha le hábaltacht shóisialta agus ábaltacht mhothúchanach a chur chun cinn.
- Úsáid Teicneolaíocht na Faisnéise & na Cumarsáide (ICT) sa múinteoireacht, sa bhfoghlaim agus sa measúnú. I measc na Modhanna Difreálaithe a bhíonn á gcur i bhfeidhm ag múinteoirí i gColáiste Ghobnait bíonn:
 - Ag malartú leibhéal, struchtúr, modh teagaisc agus luas na gceachtanna le freastal ar riachtanais ar leith.

- Ceachtanna a chur i bhfeiliúint do spéiseanna na scoláirí
- Ag meaitseáil tascanna agus próiseas le hábaltacht agus riachtanais na scoláirí
- Ag baint úsáide as acmhainní agus á gcur i bhfeiliúint, úsáid ICT san áireamh
- Ag cur spriocanna foghlama, a bhfuil a ndótháin dúshlán ag baint leo, roimh scoláirí agus ag déanamh measúnaithe dá réir.

Moltar do Mhúinteoirí Ábhair:

- A bheith ar an eolas faoi pholasaí agus nósanna imeachta na scoile maidir le scoláirí le RBO (mar atá leagtha síos sa doiciméad seo).
- Comhairle a iarraidh ar an bhfoireann RBO maidir le scoláirí a bhfuil riachtanais ar leith agus difríochtaí foghlama acu ina gcuid ranganna agus má bhíonn aon inní orthu faoi aon scoláire, é sin a inseacht do na daoine ábhartha.
- Riachtanais agus stíleanna foghlama na scoláirí ar fad a chur san áireamh agus úsáid a bhaint as modhanna feiliúnacha teagaisc le go mbeadh chuile scoláire in ann teacht ar an gcuraclam ag leibhéal atá feiliúnach dóibh féin.
- A bheith freagrach as a bhforbairt ghairmiúil leanúnach féin, i dtaca le deacrachtaí coitianta go hairithe e.g. disléicse & deacrachtaí sonracha teanga
- Dearcadh dearfach a fhorbairt agus úinéireacht a ghlacadh i dtaca le hoideachas na scoláirí ina gcuid ranganna a bhfuil riachtanais ar leith acu agus difríochtaí foghlama.
- Nuair atá CRS leis an scoláire ba cheart don mhúinteoir ábhair, ar chomhairle an COROS agus na múinteoirí tacaíochta foghlama eile, pleanáil cén bealach is éifeachtaí le leas a bhaint as an gcúnamh sin.

Difreáil sa Rang Príomhshrutha

Trí fhoghlaím dhifreáilte bíonn múinteoirí in ann timpeallacht fhoghlama iomlánaíoch agus tacúil a chruthú do na scoláirí uilig ina gcuid seomraí ranga. Tagraíonn an téarma do na bealaí a dtógann múinteoirí san áireamh difríochtaí cumais, inniúlachta, spéise agus taithí a gcuid scoláirí.

Baineann an fhoghlaím dhifreáilte leis an meascán leathan straitéis, teicnící agus chur chuige a úsáidtear i dtaca leis an bhfoghlaím agus a chuidíonn le chuile scoláire a gcumas a bhaint amach agus a thabhairt chun críche.

Is bealach é a chruthaíonn deiseanna breise do chuile scoláire le theacht ar an gcuraclam, iad siúd le riachtanais bhreise foghlama san áireamh. Aithnítear sa bhfoghlaím dhifreáilte, go bhfoghlaímíonn scoláirí i mbealaí difríocht agus ag rátaí difríocht. Is féidir difreáil a dhéanamh ar an bhfoghlaím, mar shampla ó thaobh leibhéal deacrachta an ábhair, stíl chur i láthair an ranga, luas an cheachta, struchtúr an cheachta, an cineál ceistiúcháin, an seicheamh gníomhaíochtaí foghlama a mbítear le tabhairt fúthu agus an méid teacht a bhíonn ag gach aon scoláire ar thacaíocht bhreise teagaisc.

I gcás difreáil do scoláirí le Riachtanais Breise foghlama moltar an cur chuige ginearálta seo:

- Gníomhaíochtaí agus acmhainní foghlama a chur ar fáil a bhíonn oiriúnach ó thaobh dúshlán agus a mbíonn seans acu a bheith rathúil freisin
- Teicnící cur i láthair agus ceistiúcháin a athrú le go bhféadfaidh breis páirte a bheith iontu ag scoláirí le Riachtanais Breise oideachais
- Béim a chur ar fhorbairt teanga labhartha
- Litearthacht a chur chun cinn go laethúil trí úsáid a bhaint as ballaí focal, irisí, eochairfhocal agus coincheapa tábhachtacha
- An t-ábhar a cheangal le timpeallacht agus taithí saoil an fhoghlaimeora
- Úsáid a bhaint as teagasc grúpa le páirteachas scoláirí le Riachtanais Breise oideachais a éascú.

Sa bhfoghlaim difreáilte tá teagasc pearsantaithe agus úsáidtear réimse cothrom straitéis, teicnící agus cur chuige le go mbainfidh na scoláirí uilig tairbhe as an oideachas atá á chur ar fáil.

- Iarrtar ar mhúinteoirí ábhair smaoineamh ar riachtanais scoláirí le Riachtanais Breise agus iad ag roghnú téacsleabhair, i mbun cúrsaí planála, ag socrú obair bhaile agus ag leagan amach scrúduithe ranga nó deireadh téarmach.
- Aithníonn Coláiste Ghobnait ról na múinteoirí ábhair i bhforbairt agus dul chun cinn gach scoláire ina rang, iad siúd le Oideachais Riachtanais Breise san áireamh.
- Foclóir téarmaíocht aitheanta a úsáid.
- Ní mór do mhúinteoirí ábhair féachaint go cuí do chearta daltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu. Aithníonn Coláiste Ghobnait gurb é dualgas proifisiúnta gach múinteoir ábhair é tacaíocht a thabhairt do na daltaí seo trí úsáid a bhaint as an Contanam Tacaíochta.
- Úsáid a bhaint as teicneolaíocht (Plean Straitéis Dhigiteach) mar acmhainn chun freastal ar Riachtanais scoláirí.
- Tacaíocht breise a thairiscint do aon scoláire má tá ag teipeadh air/uirthi san ábhar mar thoradh ar chúinsí sonracha pearsanta.
- Rang léitheoireacht a chur ar fáil nuair is gá agus leas a bhaint as irisleabhair, nuachtáin agus leabharlann na scoile.
- Úsáid leabharlann a spreagadh taobh amuigh agus taobh istigh den rang.
- Gníomhachtaí a spreagadh a chothaíonn agus a mhéadaíonn féin mhuinín an scoláire.
- Tá sé mar dhualgas ar an múinteoir ranga a chinntiú go bhfuil timpeallacht agus clár foghlama feiliúnach ar fáil do gach scoláire, iad siúd le Riachtanais Breise san áireamh, a thugann gach deis dóibh a gcuid foghlaim a fhorbairt agus an curaclam a aimsiú.
- Tá ról fíor-thábhachtach ag múinteoirí ábhair chun timpeallacht tacaíochta, tuisceanach a chothú sa scoil do scoláirí le riachtanais foghlama a chuireann béim ar a gcuid láidreachtaí agus a chuireann lena n-ábaltacht lán pháirt a ghlacadh i bpobal na scoile.
- Tá sé riachtanach do na múinteoirí ábhair iad féin a oiliúint ar na riachtanais atá ag na scoláirí áirithe ina rang agus a bheith páirteach i bplanáil aidhmeanna feiliúnacha do na scoláirí sin.
- Tá ról tábhachtach ag na múinteoirí ábhair i monatóireacht dul chun cinn na scoláirí le Riachtanais Breise i bpáirt leis an Tuismitheoir/Caomhnóir.
- Tá sé de dhualgas ar an múinteoir ábhair Tuismitheoirí/Caomhnóirí a choinneál ar an eolas ar dul chun cinn scoláirí le Riachtanais Breise tríd cruinnithe múinteoirí – tuismitheoirí, tuairiscí scoile, agus iad féin a chur ar fáil ó am go chéile chun bualadh le Tuismitheoirí/Caomhnóirí de réir mar a theastaíonn.
- Spriocanna foghlama do scoláirí RBO a shocrú ag leibhéal atá feiliúnach dá gcumas.
- Topaicí a cheangal le taithí saoil nó le samplaí nithiúla.
- Córais pháirtíochta foghlama (buddy system) a shocrú suas sa rang le go mbeadh scoláirí níos cumasaí ag obair le scoláirí le RBO i ngrúpaí comhoibritheacha nó i socraithe píar-theagaisc.
- Gníomhaíochtaí foghlama a chur ar fáil chun a chinntiú go mbainfidh na scoláirí seo a gcuid spriocanna amach. Tá sé fíor-thábhachtach do na scoláirí seo go gcothófar féinmheas agus féinmhuinín.

Measúnú

Ba cheart go mbeadh aidhm nó sprioc praiticiúil i gcónaí i gceist le Measúnú. I gColáiste Ghobnait, baintear úsáid as measúnú le haghaidh na guspóirí seo a leanas:

- Le heolas a fháil a chabhróidh le planáil, le foghlaim agus le teagasc cuí ag leibhéal feiliúnach.
- Le dul chun cinn scoláirí a mheas.
- Le bonnlíne a leagan síos i dtaca le gnóthachtáil an scoláire sa litearthacht agus san uimhreas.
- Le scoláirí a dteastaíonn tacaíocht foghlama uathu a aithint.
- Le eolas a chur ar fáil do chomhairliúcháin le áisíneachtaí seachtracha i.e. NEPS.
- Le suíomh ranga le fíor-éagsúlacht chumais a chinntiú.

Modhanna Measúnaithe**a). Measúnú Foirmiúil**

Tugann trialacha caighdeánaithe tuairim ghinearálta de chumas an scoláire don Fhoireann RBO. Tugann sé deis dóibh tuiscint a fháil ar leibhéal cumais an scoláire i gcomparáid le scoláirí eile den aois chéanna nó den rang céanna. Tugann chuile ghasúr a chláraíonn sa scoil faoin measúnú foirmiúil.

b). Measúnú Neamhfhoirmiúil

Modhanna neamhfhoirmiúla measúnaithe:

- Trialacha ranga
- Breathnóireacht neamhfhoirmiúil an mhúinteora
- Measúnú d'obair scríofa
- Anailís neamhfhoirmiúil de theanga agus d'fhorbairt shóisialta na scoláirí

c). Bailiú Eolais

- Déanann an COROS teagmháil leis na bunscoileanna maidir leis na scoláirí ar fad a bheas ag tosú sa gCéad Bhliain i dtaca le riachtanais a d'fhéadfadh a bheith acu.
- Cuireann na bunscoileanna torthaí na dtrialacha caighdeánaithe ar fáil i.e. Trialacha Droim Conrach, Léitheoireacht, Litriú agus Matamaitic.
- Cuireann na bunscoileanna tuairiscí ar chuile scoláire ar fáil don mheánscoil.
- Freastalaíonn an COROS ar chruinnithe aistrithe leis an bpríomhoide bunscoile, an múinteoir ranga, tuismitheoir an scoláire a bheas ag tosú agus i roinnt cásanna, le síceolaí NEPS na scoile.
- Ar an bhfoirm iarratais rollaithe iarrtar ar thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas maidir le aon riachtanas speisialta oideachais a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Níl aon bhaint aige seo le cearta rollaithe an pháiste ach úsáidtear é le haon riachtanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist a aithint chomh luath agus is féidir go praiticiúil.
- Déanann an COROS teagmháil le tuismitheoirí agus leis na háisíneachtaí seachtracha cuí sa gcás go n-aithneofaí aon riachtanas speisialta oideachais.

Féilire Imeachtaí Bliana RBO

Cuirfear an clár ama seo a leanas i bhfeidhm an méid agus is féidir chuile bhliain le freastal a dhéanamh ar riachtanais scoláirí ROS sa scoil.

Meán Fómhair

- Déanfar eagarthóireacht ar an gClár RBO le scoláirí na Chéad Bhliana a chur san áireamh
- Ag cruinniú foirne cuirfear chuile mhúinteoir ar an eolas faoi scoláirí nua le RBO atá tosaithe sa scoil
- Déanfar leithdháileadh ar uaireanta breise tacaíochta de réir riachtanais aitheanta na scoláirí.
- Dréachtófar pleananna tacaíochta don scoilbhliain acadúil nua agus cuirfear san áireamh clár ama do scoláirí le RBO agus clár ama do mhúinteoirí Oideachais Speisialta.
- Déanfar teagmháil, de réir mar is gá, le bunscoileanna áitiúla sa bpróiseas aistriúcháin do scoláirí na Chéad Bhliana a bheas ag tosú sa scoil.
- Iarrfar Próifíl Aistriúcháin Scoláirí ó aon iar-bhunscoil eile a mbíonn scoláirí le RBO ag aistriú astu chuig Coláiste Ghobnait.
- Cuirfear tús leis an bpróiseas ag cur na gComhad Tacaíochta Scoláire i dtoll a chéile do na scoláirí le RBO. Chuige sin, beidh an Fhoireann RBO ag comhoibriú leis na Múinteoirí Ábhair.
- Déanfar aththastáil ar scolairí bliain 2 leis an NGRT & CAT4.

Deireadh Fómhair

- Déanfar iarratais RACE (Comhréiteach Réasúnta ar Scrúduithe Teastais) do scoláirí na 6ú Bliana atá ag déanamh iarratais ar RACE don Scrúdú Ardteistiméireachta (Sprioc-dháta lár Mhí Dheireadh Fómhair).
- Déanfar athbhreithniú ar na scrúduithe tí 10-10-10 agus aithneofar scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ag stracadh agus a bhféadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil uathu.
- Rachfar i gcomhairle le Múinteoirí Ábhair maidir le scoláirí ina gcuid ranganna a bhfuil deacrachtaí acu.
- Leanfar leis an bpróiseas ag cur na gComhad Tacaíochta Scoláire i dtoll a chéile do na scoláirí le RBO.
- Críochnófar iarratais do RACE (Comhréiteach Réasúnta ar Scrúduithe Teastais) do scoláirí le RBO don tSraith Shóisearach.

Samhain

- Leanfar leis an gcomhairliúchán leis na Múinteoirí Ábhair, tabharfar aiseolas ar dheacrachtaí a cheaptar go bhfuil ag scoláirí le RBO ina gcuid ranganna agus déanfar athbhreithniú ar straitéisí.
- Déanfar athbhreithniú agus uasdhátú ar Chomhaid Thacaíochta Scoláirí.
- Déanfar tástáil ar scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ag déanamh iarratais ar RACE (Comhréiteach Réasúnta ar Scrúduithe Teastais) do scrúduithe na Sraithe Sóisearaí.
- Ullmhú iarratais RACE (Comhréiteach Réasúnta ar Scrúduithe Teastais) don tSraith Shóisearach (Spriocdháta i lár Mhí na Nollag).
- Foirm Iarratais le seoladh chuig Tuismitheoirí/Caomhnóirí Rang 6.

Eanáir

- Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn scoláirí le RBO.

Feabhra

- Eagrófar cruinnithe le tuismitheoirí scoláirí RBO na Chéad Bhliana a bheas ag tosú an chéad scoilbhliain eile.

Márta

- Déanfar athbhreithniú ar thorthaí bhréag-scrúduithe.
- Déanfar liosta de na scoláirí a dteastaíonn breis eolais fúthu agus a bhféadfadh sé go mbeadh RBO acu.
- Déanfar teagmháil le bunscoileanna re. scoláirí a bhfuil riachtanais aitheanta acu bunaithe ar a gcuid foirmeacha iarratais – Próifíl Aistrithe Dalta/Cruinnithe Aistriúcháin.
- Déanfar iarrtas d'acmhainní riachtanacha (teicneolaíocht, etc.)
- Déanfar iarratas ar leithdháileadh nua Cúntóirí Riachtanais Speisialta más gá.

Aibreán

- Déanfar iniúchadh ar na hábhair Acmhainní: Na hábhair Acmhainní ar fad atá ag an bhFoireann Oideachais Speisialta a liostáil.
- Iniúchadh ar acmhainní Riachtanais Breise Oideachas ar mhaithe le pleanáil don chéad scoilbhliain eile.
- Aithneofar ábhair trialacha, aimseofar agus ordófar iad agus aon ábhair Acmhainní eile atá ag teastáil (má bhíonn sin do acmhainn ag an scoil).
- Déafar athbhreithniú ar scrúduithe Tí.
- Litir chuig an Bunscoil ag lorg an Pas Oideachais agus torthaí STEN.

Bealtaine

- Cuirfear an clár RBO i dtoll a chéile – liosta de na scoláirí RBO agus mioneolas ar a gcuid riachtanais – scoláirí na Chéad Bhliana a bheas ag tosú an scoilbhliain dár gcionn san áireamh.
- Cruinniú le Tuismitheoirí rang 6.
- Eagróidh an Comhordaitheoir Riachtanais Breise cuairt do dhaltaí rang a sé. I rith na cuairte seo beidh said ag freastal ar roinnt ranganna.

Foireann Tacaíochta

Cad is Foireann Tacaíochta do Scoláirí ann?

Tá foireann tacaíochta do scoláirí ina cuid lárnach den chóras tacaíochta do scoláirí i scoil. Is í an fhoireann uileghabhálach í a bhaineann le dul chun cinn gníomhaíochtaí ar mhaithe le leas agus folláine gach scoláire. Is meicníocht é trína ndéantar go leor de na tacaíochtaí do scoláirí atá ann a chomhordú agus a phleanáil. Feidhmíonn foireann tacaíochta do scoláirí mar chroílár eagrúcháin scoile, ag tabhairt comhleanúnachais don chóras tacaíochta trí chomhordú a dhéanamh ar obair luachmhar na ranna, na foirne agus/nó na ngrúpaí mar an fhoireann Pleanála Curaclaim um Fholláine na Sraithe Sóisearaí, an roinn Riachtanas Oideachais Speisialta (RSO), an Fhoireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil (CIMT) mar aon le foireann teorach agus tréadach. Tá ról tábhachtach leis, ag Ceannaireacht na Scoile a thugann treoir agus tacaíocht don bhfoireann tacaíochta do scoláirí.

Tá an raon oibre agus an cineál oibre a dhéanann na ranna agus na foirne ag brath ar na riachtanais agus ar na hacmhainní atá ar fáil i ngach scoil.

Cé go bhfuil tábhacht ag baint leis na foirne éagsúla a dhíríonn ar scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, tá sé tábhachtach freisin díriú ar choisc agus luathidirghabháil. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh na fadhbanna seo a leanas teacht chun cinn:

- d'fhéadfaí go gcaillfí deiseanna gnéithe cosanta a fhorbairt a chabhróidh cur le foghlaim, sláinte agus folláine gach scoláire sa scoil;
- d'fhéadfadh go ndéanfaí dearmad ar scoláirí ina bhfuil riachtanais ag teacht chun cinn nó orthu siúd a rachfadh beagáinín tacaíochta chun tairbhe dóibh agus nach measfaí iad sin ach nuair a bhíonn cúrsaí ag dul in olcas;
- féadfaidh scoláirí a bhfuil riachtanais aitheanta acu idirghabhálacha a fháil ó fhoirne tacaíochta éagsúla ar scoil agus gan baill foirne a bheith ar an eolas faoin tacaíocht atá a fáil acu ó fhoirne eile. D'fhéadfadh forluí sa thacaíocht a sholáthaítear do roinnt scoláirí agus ganntanas acmhainní i gcás scoláirí eile a bheith mar thoradh ar seo;
- go mbeifí taobh le modh tacaíochta nach noireann dá fheidhm agus go mbeifí ag brath rómhór ar sheirbhísí éigeandála agus seirbhísí seachtracha.

Ról na Foirne Tacaíochta do Scoláirí

Trí chontanam tacaíochta a chur i bhfeidhm, is féidir leis an bhfoireann tacaíochta do scoláirí soláthar a dhéanamh do riachtanais oideachais, shóisialta, mhothúcháin, iompraíochta agus foghlama Gach scoláire, Roinnt scoláirí agus Beagán scoláirí chun a bhfolláine a chinntiú ar bhonn leanúnach. Leagann Plean Teorach na scoile comhpháirteanna an chórais seo amach lena n-áirítear, mar shampla, curaclam OSPS agus OCG; an córas tacaíochta iompraíochta, ról na gcinnirí bliana agus na beartais éagsúla scoile atá i bhfeidhm.

Féadfaidh an fhoireann tacaíochta éascú a dhéanamh do scoláirí tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara a chur i dtoll a chéile trí cheistneoirí a riaradh nó trí ghrúpaí fócais a eagrú, le scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne chun léargas a fháil ar na buanna agus na réimsí atá le feabhsú sa scoil, sna ceithre phríomhréimse de chur chun cinn na folláine scoile uile (Cultúr & Comhshaol; Teagasc agus Foghlaim; Caidrimh & Comhpháirtíochtaí).

Mapa Soláthair

Tá mapa soláthair i bhfeidhm againn i gColáiste Ghobnait. Is doiciméad beo é seo.

Ó 2016 i leith, BOO tá an earnáil tar éis dul i gcomhpháirtíocht le Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach chun tacú le forbairt taighde-eolasach ar chur chuige ar fud na scoile, córasach agus comhoibríoch i leith oideachas cuimsitheach agus speisialta agus chun scoil a thógáil, agus beartas agus cleachtas cuimsitheach ar fud na hearnála (<https://www.etbi.ie/provision-mapping-induction/>).

Is **próiseas** é mapáil soláthair a ligeann do scoileanna na forálacha agus na tacaíochtaí **fianaise-bhunaithe** atá i bhfeidhm do scoláirí ar fud an Leanúntais Tacaíochta a aithint, a liostú agus a **mheas** in aon doiciméad achomair amháin, ar a dtugtar Léarscáil Soláthair. Agus é sin á dhéanamh, cuireann sé bonn ar fáil chun costas straitéiseach a bhaint amach, soláthar a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh air, acmhainní a leithdháileadh agus riachtanais foghlama gairmiúla na foirne a aithint. Cuireann Mapáil Soláthair creat ar fáil a chuireann le cumas ceannaireachta ar fudBOO chun freagairt do dhaonraí mac léinn atá ag éirí níos éagsúla trí chur chuige ceannaireachta dailte agus líonraithe.

Conas an Teimpléad Léarscáile Soláthair seo a úsáid

Is féidir an teimpléad seo a úsáid mar bhunús chun an léarscáil soláthair scoile a fhorbairt. Tá na soláthairtí a leagtar amach bunaithe ar shamplaí de chleachtais agus idirghabhálacha fianaise-bhunaithe a bhailítear ó níos mó ná 100 scoil. D'fhéadfadh go mbeadh soláthairtí ar fáil i do scoil nach bhfuil san áireamh sa teimpléad seo. Scríos nó cuir isteach soláthairtí de réir do chomhthéacs scoile, le do thoil.

Is í an ghné is tábhachtaí de mhapáil an tsoláthair ná dul i ngleic leis an bpróiseas chun eolas a bhailiú ón bhfoireann (múinteoirí, CRSanna, ceannairí scoile), scoláirí agus tuismitheoirí i dtimthriall leanúnach féinmheastóireachta scoile. Cuirfidh sé seo in iúl duit an bhfuil na soláthairtí atá i bhfeidhm ag obair, agus sainaitheoidh sé freisin an bhfuil aon bhearnaí sa soláthar nó 'an iomarca soláthair' ann. Agus é sin á dhéanamh, cabhróidh sé le riachtanais foghlama gairmiúla na foirne ar fad a threorú, agus le hacmhainní a threorú go cuí.

Ar deireadh, tá an mapa soláthair bunaithe ar Chreat Contanaim Tacaíochta (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais 2010) a threoraíonn cur i bhfeidhm tacaíochta breise i scoileanna. Leagtar béim ar an mapa soláthair ar an tábhacht a bhaineann le 'Tacaíocht do Chách', agus leagann sé béim ar an bprionsabal go bhfuil an rud atá 'riachtanach do dhaoine áirithe, tá sé tairbheach do chách'. Baineann an próiseas mapála soláthair go príomha le bacainní ar fhoghlaim ó pheirspictíocht shóisialta agus timpeallachta a aithint agus a bhaint ag leibhéal 'Tacaíocht do Chách', agus an chaoi ar féidir leis an bhfoireann aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí ar leith ag leibhéal an tseomra ranga. Agus iad ag iarraidh feabhas a chur ar thimpeallacht shóisialta, mhothúcháinach, acadúil agus céadfach na scoile, iarrtar ar an bhfoireann machnamh a dhéanamh ar ghnéithe de thimpeallacht na scoile mar áisitheoirí nó coscairí foghlama do scoláirí, agus a gcuid láidreachtaí agus riachtanais foghlama gairmiúla féin a mheas ón dearcadh seo. Is é an múinteoir an gníomhaire aonair is tábhachtaí a théann i bhfeidhm ar fhoghlaim na scoláirí. Mar sin, is ríthábhachtach é tiomantas múinteoirí agus scoileanna don fhoghlaim ghairmiúil leanúnach chun scoil ionchuimsitheach a bheith ann. Tá foghlaim lena chéile agus óna chéile ríthábhachtach d'fheabhsú scoile, maidir leis na cleachtais agus na hidirghabhálacha a leagtar amach sa léarscáil soláthair a chur i bhfeidhm le comhsheasmhacht. Is éard atá i ról na sainmhúinteoirí ná go n-oibreoidh siad mar cheannairí oideolaíocha agus go gcomhoibríonn siad le comhghleacaithe chun cleachtas ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm ag leibhéal 'Tacaíocht do Chách' chun freastal ar riachtanais choiteanna na scoláirí uile, agus chun idirghabhálacha níos dírithe ar an duine aonair a sholáthar do mhionlach na scoláirí a bhfuil riachtanais níos sainiúla nó níos uathúla acu ag 'Tacaíocht do Roinnt' agus 'Tacaíocht don Bheagán

Ról an Tuismitheoir/Caomhnóir


- Aithníonn an scoil ról na dTuismitheoirí/Caomhnóirí i bhforbairt agus feidhmiú an Pholasaí.
- Fáiltíonn Coláiste Ghobnait roimh aon Tuismitheoir/Caomhnóir a bhfuil inní orthu faoi na mac/iníon. Féach léaráid.

Cá dtéann tú, má tá fadhb/inní/ceist agat/Where do you go if you have a problem/you are worried/you have a question:


- Dul chun cinn **acadúil** in **ábhar áirithe** nó cur chuige teagaisc agus foghlama san ábhar sin/Academic progression in certain subjects or the approach to teaching and learning in that subject:



- Dul chun cinn **acadúil go ginearálta**, nach mbaineann le hábhair amháin ar leith/General academic progression that is not confined to one subject in particular:



- Dul chun cinn go ginearálta, maidir le gnéithe seachas gnéithe acadúla (sóisialta, bulaíocht, fadhb phearsanta, fadhb sláinte, fadhb bhaile)/General progression regarding non-academic aspects (social, bullying, personal problems, health problems, home problems):



- Beidh muid ag súil go dtabharfaidh na Tuismitheoirí/Caomhnóirí tacaíocht don scoil ag cur i bhfeidhm an Contanam Tacaíochta.
- An scoil a chur ar an eolas i dtaobh aon deacracht a bheadh ag daltaí.
- Go bhfuil comhad an scoláire um leanúntas tacaíochta i bhfeidhm agus go mbeidh tacaíocht an Tuismitheoir/Caomhnóir fíor thábhachtach sa phróiseas seo.

- Is é an comhad seo a bheidh in úsáid mar theimpléad phleananna d'aon scoláire a bhfuil riachtanais foghlama acu.
- Déanfar comhoibriú na dTuismitheoir/Caomhnóirí a spreagadh i gcónaí i gColáiste Ghobnait.
- Is é an clann an príomh oideachasóir mar sin glacann Tuismitheoir/Caomhnóir ról fíor thábhachtach in aithint, ag tacú agus ag baint amach na spriocanna dá mac/iníon.
- Iarrtar ar Thuismitheoir/Caomhnóir aon eolas a chabhródh le freastal ar riachtanais foghlama a mac/iníon a chur ar aghaidh nuair atá an foirm iontrála á líonadh le clárú i gColáiste Ghobnait.
- Beidh cruinniú Tuismitheoir/Múinteoirí agus beidh seans ag an múinteoir ábhair agus an Tuismitheoir dul chun cinn an scoláire a phlé.
- Beidh cruinnithe le n-eagrú agus teimpléad le líonadh idir an múinteoir ábhair agus an Tuismitheoir/Caomhnóir maidir leis an Contanam Tacaíochta. Is ag an múinteoir ábhair agus ag an Tuismitheoir/Caomhnóir atá ionchur acu sa chomhad seo.
- Dáta athbhreithniú le líonadh ar an teimpléad – sa chás seo, is iad an múinteoir ábhair saineolaí an ábhar agus is iad an Tuismitheoir/Caomhnóir is fearr atá aithne acu ar an scoláire agus a gcuid riachtanais. Mar sin, is iad an Tuismitheoir/Caomhnóir agus an múinteoir ábhar a dhéanfaidh cinneadh agus aontú ar an dáta athbhreithnithe.
- Mar sin, tá an rannpháirtíocht atá idir an múinteoir ábhair agus an tuismitheoir/caomhnóir fíor thábhacht chun go mbaineadh do mhac/iníon barr a gcumais amach ina ndúshlán foghlamtha.

Is féidir le tuismitheoirí cur go mór le foghlaim a gcuid gasúr. Spreagann Coláiste Ghobnait cumarsáid oscailte idir thuismitheoirí agus mhúinteoirí le linn dá gclann a bheith ag freastal ar an scoil. Is féidir le tuismitheoirí réiteach faoi chóir obair na scoile agus tacú leis an obair ar na bealaí seo a leanas:

- Gach eolas agus tuairiscí ábhartha a chur ar fáil don scoil maidir le deacrachtaí foghlama, riachtanais foghlama agus láidreachtaí a gcuid gasúr agus maidir le haon imní eile a d'fhéadfadh a bheith orthu fúthu. Cabhróidh an t-eolas seo leis an scoil tús a chur le plean oideachais ionchuimsitheach dá ngasúir. Tá sé fíor-thábhachtach na cáipéisí a chur ar fáil chun go mbeadh cur chuige comhoibríoch ann ag leagan amach plean foghlama don scoláire.
- Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí i gcruthú agus i gcur i bhfeidhm Chomhad Tacaíochta Scoláire a gcuid gasúir.
- Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí cumarsáid oscailte a bheith acu leis an scoil ag aon am má bhíonn imní orthu faoi oideachas a ngasúir.
- Cabhraíonn tuismitheoirí leis an scoil trí mhúinteoirí a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn a ngasúir nó faoi aon deacrachtaí a bhíonn acu.
- Féadfaidh tuismitheoirí tacú le hobair na scoile. Féadfaidh siad timpeallacht a chur ar fáil sa mbaile, a mbeidh deiseanna foghlama ar fáil agus deiseanna rannpháirtíochta leis an ngasúr ar na bealaí seo a leanas:
 - Léitheoireacht Beirte;
 - Cúnamh leis an obair bhaile;
 - Ag baint úsáide as teicneolaíocht Faisnéis is Cumarsáide (ICT).
 - Ag cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí baile-bhunaithe a bhfuil cúntas orthu i gComhad Tacaíochta an Scoláire agus ag plé na dtorthaí agus an dul chun cinn le múinteoirí an scoláire.
- Tá sé fíor-thábhachtach go labhródh tuismitheoirí go dearfach faoin scoil agus faoin obair scoile.
 - Ba cheart do thuismitheoirí an scoil a choinneáil ar an eolas faoi dul chun cinn foghlama a thugann siad faoi deara ina gcuid gasúir. Ba cheart dóibh inseacht don scoil faoi aon deacrachtaí foghlama a thugann siad faoi deara ag a ngasúr sa mbaile. Má cheaptar tar éis measúnú diagnóiseach go dteastaíonn tacaíocht bhreise ón ngasúr, ba cheart don tuismitheoir castáil leis an gComhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta leis na rudaí seo a leanas a phlé:
 - Torthaí an Mheasúnaithe
 - Na Spriocanna Foghlama atá leagtha síos don scoláire

- An chaoi ar féidir tacú leis na spriocanna seo sa mbaile.
- Má bhaintear amach na spriocanna agus má dhéantar cinneadh gan leanacht leis an tacaíocht foghlama, níor mhór do thuismitheoirí castáil le múinteoirí an ghasúir. Ba chóir ansin plé a bheith ann faoi cén chaoi ar féidir leanacht ar aghaidh ag freastal ar riachtanais foghlama a bheas ag an ngasúr amach anseo agus cén chaoi ar féidir freastal ar na riachtanais seo ar scoil agus sa mbaile.
- Má dhéantar cinneadh leanacht leis an tacaíocht bhreise ar feadh téarma eile, caithfidh na thuismitheoirí castáil leis an gComhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta le spriocanna athbhreithnithe a phlé agus cén chaoi ar féidir leo cabhrú sa mbaile leis an spriocanna seo a bhaint amach agus a chur i bhfeidhm.
- Beidh muid ag súil go gcloí gach dalta leis an bPolasaí um Riachtanais Breise.
- Creideann Coláiste Ghobnait go mbaintear amach an toradh foghlama is fearr nuair a ghlacann daltaí le húinéireacht agus freagracht ar a bhfoghlaim féin.
- Beidh muid ag súil go mbeidh suim acu in obair na scoile agus a gcuid tuairimí a nochtadh ar bhealach dearfach agus measúil.
- Comhoibriú leis an múinteoir ábhair agus Comhad an Scoláire um Leanúntas Tacaíochta á chur i bhfeidhm.
- Tugann an múinteoir ábhair deis do dhaltaí a bheith páirteach in iniúchtaí scileanna agus i gcomhráití maidir lena míchumas. Tugtar spreagadh go hairithe do dhaltaí sa tSraith Shinsearach glacadh le cur chuige réamhghníomhach agus neamhspleách dá gcuid oibre acadúla.

Scoláirí

Ba cheart do scoláirí atá ag fáil tacaíocht bhreise:

- Dearcadh dearfach a bheith acu maidir le rannpháirtíocht ina gcuid foghlama.
- A bheith ar an eolas faoina gcuid spriocanna foghlama agus a bheith gníomhach ag socrú na spriocanna sin.
- Páirt a bheith acu i roghnú an ábhair atá ábhartha leis na spriocanna seo a bhaint amach.
- A bheith rannpháirteach go hiomlán i chuile mheasúnú.
- “Úinéireacht” a ghlacadh ar na scileanna agus na straitéisí a mhúintear mar chuid den tacaíocht bhreise a fhaigheann siad agus foghlaim le iad seo a chur i bhfeidhm ina gcuid foghlama féin.

Aistriú ón mBunscoil

Téann an Coordaitheoir Riachtanais Breise i dteagmháil leis na Bunscoileanna sula dtéann an scoláire isteach i gColáiste Ghobnait. Féachann an scoil ar an teagmháil seo mar chéim thábhachtach in aithint chruinn na ndaltaí sin a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu agus i soláthar cúram dóibh ar bhonn leanúnach.

Socraítear cuairteanna do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu nuair is féidir sula n-aistríonn siad go Coláiste Ghobnait.

Cabhraíonn an fhaisnéis a fhaightear ó na Bunscoileanna agus ó na thuismitheoirí, mar aon le torthaí na dtástálacha Cumais Chognaíoch leis an scoil na daltaí úd a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil uathu ag leibhéal na hIarbunscoile a aithint.

Socraithe Réasúnacha

Déanfar iarratas do scoláirí ag cloí le treoracha Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Foireann

Ar an bhFoireann RBO tá Príomhoide na scoile, an Príomhoide Tánaisteach, an Comhordaitheoir Riachtanais Oideachais Speisialta (COROS), na Múinteoirí Tacaíochta Foghlama, na Múinteoirí Acmhainní

agus na Cúntóirí Riachtanais Speisialta. Tá ról ag an gComhairleoir Gairmthreorach ag comhoibriú leis an bhFoireann RBO. Tá an COROS freagrach faoi threoir an Phríomhoide, as bainistiú a dhéanamh ar an soláthar tacaíochta do scoláirí le RBO. Tá sé/sí freagrach as an soláthar tacaíochta sin a eagrú agus monatóireacht a dhéanamh air.

Cruinnithe Foirne

Beidh cruinniú foirne ann ag tús chuile scholbhliain leis an bhfoireann a choinneáil ar an eolas faoi na scoláirí ar fad le RBO a bheas ag tosú sa scoil agus le moltaí a thabhairt faoi cén chaoi is fearr leis na scoláirí le RBO a bheith chomh rannpháirteach agus is féidir sna ranganna.

Beidh cruinnithe eagraithe de réir mar is gá ar bhonn leanúnach.

Cuid 2:

Ról an Chúntóir Riachtanais Speisialta (CRS)

Cuirtear cúntóirí riachtanas speisialta ar fáil do mheánscoileanna le cúnamh a thabhairt do scoláirí ainmnithe le Riachtanais Breise oideachais. Earcaítear Cúntóirí Riachtanais Speisialta le cuidiú le scoil na seirbhísí neamh-theagaisc cuí a chur ar fáil do scoláirí a mbeadh Riachtanais Breise measúnaithe acu.

Níor mhór don Phríomhoide tacaíocht agus treoracha soiléir a thabhairt do chúntóirí riachtanas speisialta i dtaca leis na dualgais a bhíonn le comhlíonadh acu. Is deiseanna maithe iad cruinnithe rialta idir an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach agus na Cúntóirí Riachtanas Speisialta le ceisteanna a phlé agus déileáil le húdair inní.

Ba cheart dóibh oibriú go dlúth leis na múinteoirí le fonn cuidiú le scoláirí le Riachtanais Breise oideachais, mar shampla, lena gcúram pearsanta, le tacaíocht soghluaisteachta, nó le maoirseacht ar ghníomhaíochtaí praiticiúla nó caitheamh aimsire.

De ghnáth déanann na cúntóirí riachtanas speisialta a gcuid oibre in áitreabh na scoile. D'fhéadfadh sé scaití áfach go gcaitheadh scoláirí le Riachtanais Breise oideachais freastal ar ionad eile taobh amuigh den scoil agus go gcaitheadh cúntóirí riachtanas speisialta cúnamh a thabhairt dóibh san ionad seo agus a bheith in éineacht leo ag taisteal ann agus as. Ní mór go mbeadh an CRS leis an scoláire atá faoina gcúram le linn am scoile/imeachtaí/turais scoile.

Beidh Coláiste Ghobnait ag súil go gcoinneoidh na cúntóirí riachtanas speisialta gach rud a bhaineann le gnó na scoile agus a gcuid oibre féin sa scoil go hiomlán faoi rún.

Tugann an Cúntóir Riachtanas Speisialta cúnamh cúraim do dhaltáí ainmnithe a bhfuil Riachtanais Breise oideachais acu. Déanann siad cion tairbhe luachmhar do chumas na scoile oideachas uilechuimsitheach a sholáthar do na daltaí seo.

Tá ról tábhachtach ag an gcúntóir Riachtanais Speisialta maidir le sláinte agus sábháilteacht an dalta agus maidir lena bhforbairt shóisialta, mhothúchánach agus oideachais. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh an Cúntóir Riachtanas Speisialta tacaíocht do rannpháirtíocht an dalta i saol na scoile gan cultúr spleáchais a fhorbairt.

Tá tascanna nach mbaineann le múinteoireacht i gceist le dualgais na gcúntóirí Riachtanas Speisialta cosúil le: (Féach Aguisín 10 freisin)

- Cabhrú le daltaí feidhmiú ar thurais scoile.
- Cúnamh speisialta, mar is gá, a thabhairt do dhaltáí a bhfuil deacrachtaí faoi leith acu e.g. ag cabhrú le daltaí a bhfuil Riachtanais Breise acu le clóscríbhneoireacht, le scríbhneoireacht nó le húsáid trealaimh eile.
- Cúnamh a thabhairt le héadaí, beathú, dul chuig an leithreas agus le sláintíocht ghinearálta, agus a bheith aireach ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta an dalta.
- Cúnamh a thabhairt le scrúduithe (más cuí).
- Cúnamh a thabhairt do na múinteoirí le maoirsiú daltaí i rith tionóil, caithimh aimsire agus nuair atá siad ag athrú ó sheomra ranga amháin go ceann eile.
- Cúnamh ginearálta nach mbaineann le múinteoireacht a thabhairt don mhúinteoir ábhair, faoi stiúir an Phríomhoide/Príomhoide Tánaisteach. Ní ceadmhach do Chúntóirí Riachtanas Speisialta feidhmiú mar mhúinteoirí ionaid nó mar mhúinteoirí sealadacha. Níl sé ceadaithe i gcúinse ar bith iad a fhágáil i gceannas ar rang leo féin.
- Páirt a ghlacadh i bpleanáil forbartha scoile, nuair is cuí, agus comhoibriú le haon athrú dá leithéid ar pholasaithe agus ar chleachtais a éiríonn as an bpróiseas forbartha scoile.

- Dualgais chuí eile a chinnteofar i bhfianaise riachtanais na ndaltaí agus na scoile.
- Cuidiú le linn cuairteanna taobh amuigh den scoil, siúlóidí, scrúduithe agus imeachtaí eile mar sin.
- Spásanna oibre agus seomraí ranga a ullmhú agus a choinneáil slachtmhar.
- Pleanáil a dhéanamh do ghníomhaíochtaí.
- Dualgais eile a oireann don phost, de réir mar a threoraíonn an Príomhoide é, le linn do scoláirí le Riachtanais Breise a bheith as láthair, nó nuair a thagann gnó práinneach chun cinn.
- Tacú leis an scoláire chomh maith le neamhspleáchas a chur chun cinn.
- Comhoibriú leis an múinteoir.
- Tacú le heagrú na bhfillteán.
- Cuidiú le hullmhú ábhar.
- Tacaíocht a thabhairt agus rudaí a thabhairt faoi deara.
- Cuidiú le scoláirí fanacht dírithe, gnásanna seomra ranga a leanúint agus idirghníomhú go cuí.
- Cuidiú le scoláirí cur lena bhféinmhuinín agus a neamhspleáchas a fhorbairt.
- An tábhacht a bhaineann le sláinteachas pearsanta a chur chun cinn.
- Luath-chomharthaí bulaíochta a thabhairt faoi deara.
- Cuidiú an CRS leis an scoláire fanacht dírithe agus iad a dhíriú ar a gcuid oibre chun go mbeidh deis níos fearr foghlama ag an scoláire. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí phointí a mhíniú go ciúin agus treoracha an mhúinteora a athrá. Cuidíonn an CRS nótaí a dhéanamh don scoláire le linn don mhúinteoir a bheith ag caint.
- Freastal agus poncúlacht mhaith a spreagadh
- Bíonn sé níos fusa do roinnt scoláirí labhairt le Cúntóir Riachtanas Speisialta agus d'fhéadfadh gur don Chúntóir is túisce a d'inseofaí faoi bhulaíocht. Is gá breathnú mar rud dáiríre ar chuile eolas den sórt seo agus é insint láithreach don Phríomhoide.

Cruinnithe Foirne

- D'fhéadfadh sé go gcaitheadh Cúntóirí Riachtanas Speisialta freastal ar Chruinnithe Foirne nuair a bhíonn ábhair á bplé a bhaineann lena gcuid oibre féin.

Amchláir agus uaireanta oibre

- Tabharfaidh an Príomhoide amchlár do na Cúntóirí Riachtanas Speisialta ag tús na bliana.
- Cloífeáir agus leanfar treorach an Roinn Oideachais agus Óige maidir le uaireanta oibre.
- Le linn don fhoireann teagaisc a bheith ar chúrsaí inseirbhíse, beidh na Cúntóirí Riachtanas Speisialta ag obair mar is gnáth. Beidh dualgais tugtha dóibh cúnamh a thabhairt ag eagrú seomraí ranga na múinteoirí atá as láthair, sé sin, taispeántais seomra ranga a réiteach, leabharlanna na seomraí ranga a eagrú, trealamh teagaisc a réiteach, fótachóipeáil srl.
- Comhlíonadh uaireanta Bóthar Haddington (72 uair chloig taobh amuigh de uaireanta scoile)

Ról an Mhúinteoir Ábhair agus an CRS i seomra ranga

- Tá sé de dhualgas ar an múinteoir a chinntiú go bhfuil an Cúntóir Riachtanas Speisialta soiléir faoin áit a dteastaíonn cúnamh. Tá sé riachtanach go bpleanálfaí rudaí le chéile.
- Tá dualgas freisin ar an múinteoir tacú le ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta agus taispeáint gur rud luachmhar i gColáiste Ghobnait an CRS.
- Cothaítear atmaisféar comhthuisceana agus cóimheasa.
- Tacóidh na Cúntóirí Riachtanas Speisialta a bhíonn ag scoláirí le míchumas fisiceach leis na scoláirí sin taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga de réir mar a theastaíonn cúnamh uathu. D'fhéadfadh go mbeadh sé i gceist go gcoinneofaí súil ghrinn ar an scoláire sa gclós spraoi nó go gcuideofaí leo ag dul isteach agus amach as an scoil.

Cuid 3:

Comh-mhúinteoireacht mar Chur Chuige Lárnach Tacaíochta

Tá comh-mhúinteoireacht mar chuid lárnach den Chontanam Tacaíochta i gColáiste Ghobnait, ag freastal ar riachtanais scoláirí trí thacaíocht ranga uileghabhálach. Mar chuid de cur chuige straitéiseach na scoile i leith Riachtanais Breise Oideachais (RBO), tá comh-mhúinteoireacht anois suite mar an príomh-mhúnla tacaíochta sa seomra ranga. Tá an modh seo ag teacht in áit an chur chuige aonarach ina mbíodh scoláirí á dtarraingt siar ón rang le haghaidh tacaíochta aonair (1:1).

Trí chomh-mhúinteoireacht, oibríonn múinteoirí ábhair agus múinteoirí tacaíochta i gcomhar lena chéile chun freastal ar riachtanais éagsúlacha na scoláirí laistigh den timpeallacht foghlama príomhshrutha. Cuireann an modh seo ar chumas gach scoláire, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil RBO acu, páirt iomlán a ghlacadh sa rang, rud a chothaíonn ionchuimsiú, rannpháirtíocht ghníomhach, scoláirí a spreagadh úinéireacht ar a bhfoghlaím agus dul chun cinn acadúil.

Tá an cur chuige seo ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta (EPSEN, 2004), agus le moltaí an Chontanam Tacaíochta. Léiríonn sé tiomantas na scoile do chur chuige comhtháite, ina gcuirtear béim ar fhoghlaím chomhoibritheach, ar neamhspleáchas agus ar fhorbairt iomlánaíoch an scoláire.

An múnla comh-mhúinteoir atá i bhfeidhm:

Príomh mhúinteoir agus múinteoir tacaíochta.

Ról an Comh-mhúinteoireacht/Múinteoirí Ranga

Beidh na nósanna imeachta seo i bhfeidhm nuair atá comh-mhúinteoireacht ar siúl sa seomra ranga:

- **Comhoibriú idir múinteoirí:** I gColáiste Ghobnait, tá comhoibriú idir múinteoirí bunaithe ar mhúnla comhaontaithe ag an bhfoireann uile. Tá an múinteoir ábhair mar phríomh-mhúinteoir sa seomra ranga, agus tacaíonn an múinteoir acmhainne leis an teagasc agus leis an timpeallacht foghlama ar bhealach straitéiseach. Tugtar tús áite do mhúinteoireacht chomhtháite seachas tarraingt siar scoláirí óna ranganna.
 - **Ról an Mhúinteora Acmhainne:**
 - Tacaíonn sé/sí leis an múinteoir ábhair sa seomra ranga.
 - Cinntíonn go bhfuil scoláirí ar thasc agus go bhfuil tacaíocht chuí á fháil acu.
 - Líonann sé/sí an *Billeog Aiseolais* ag deireadh na seachtaine chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar riachtanais.
 - **Cruinnithe Rialta:**
 - Bíonn cruinnithe idir múinteoirí ábhair agus múinteoirí acmhainne ar siúl go rialta agus de réir mar is gá.
 - Déantar pleanáil chomhpháirteach ar cheachtanna agus ar straitéisí tacaíochta.
 - Cinntítear go bhfuil tuiscint ag an mbeirt mhúinteoirí ar na spriocanna foghlama agus ar na riachtanais breise oideachas/dúshlán atá ag scoláirí, go háirithe iad siúd le Riachtanais Breise Oideachais aitheanta.
 - **Tacaíocht do Gach Scoláire:**
 - Tá an cur chuige seo dírithe ar thacaíocht do gach scoláire sa seomra ranga, ní hamháin iad siúd le RBO.
 - Cruthaítear timpeallacht foghlama ina mbíonn difreáil, rannpháirtíocht agus neamhspleáchas mar bhunchloch.

Buntáistí le comh-mhúinteoireacht

- **Tacaíocht chuimsitheach:** Cuireann comh-mhúinteoireacht ar chumas scoláirí le riachtanais breise oideachais fanacht sa seomra ranga príomhshrutha, in ionad a bheith tarraingthe siar le haghaidh tacaíochta aonair. Tugtar tacaíocht acadúil agus shóisialta dóibh i dtimpeallacht nádúrtha foghlama.
- **Díriú ar éagsúlacht foghlama:** Trí chomh-mhúinteoireacht, is féidir le múinteoirí freastal ar raon leathan stíleanna foghlama agus riachtanais. Cuirtear modhanna teagaisc difreáilte i bhfeidhm go héifeachtach.
- **Feabhas ar rannpháirtíocht:** Spreagtar rannpháirtíocht ghníomhach ó gach scoláire, rud a chuireann le féinmhuinín, neamhspleáchas agus dul chun cinn acadúil.
- **Comhtháthú polasaí agus cleachtas:** Tá an cur chuige seo ag teacht leis an gContanam Tacaíochta agus le prionsabail an Achta EPSEN (2004), ag léiriú tiomantas na scoile do chuimsiú agus do chomhionannas.

D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh scoláire le múineadh ina aonair ó am go ham.

Múineadh Scoláirí Aonair

Beidh na nósanna imeachta seo i bhfeidhm nuair a bhíonn múinteoir sa rang ag múineadh scoláire aonair:

- Fágfar doras an tseomra ranga ar oscailt i rith an ranga.
- Beidh binse idir an múinteoir agus an scoláire i rith an ranga.
- Má tá torann i dtimpeallacht na scoile is féidir an doras a dhúnadh ach déanamh cinnte go bhfuil painéal gloine sa doras.
- Ag brath ar riachtanais foghlama an scoláire agus cuimsiú sa seomra ranga a chur chun cinn seans go dtarlóidh sé uaireanta go mbeidh múinteoir ag stiúradh agus ag cabhrú le foghlaim an scoláire/scoláirí istigh lena bliain grúpa.

Comhad Tacaíochta Scoláire

Is féidir leis an scoil taifead a choinneáil ar chúrsa an scoláire tríd an gContanam Tacaíochta leis an gComhad Tacaíochta Scoláire. Is féidir cúrsa an scoláire a leanacht ó thús an phróiséis thacaíochta agus ina dhiaidh sin, má theastaíonn sé, go dtí an leibhéal Tacaíocht Scoile (do roinnt scoláirí) agus go dtí an leibhéal Tacaíocht Scoile Móide (do líon beag scoláirí).

- Tugann an Comhad Tacaíochta Scoláire deis don scoil dul chun cinn agus riachtanais a thaifead thar thréimhse ama.
- Cinntíonn an Comhad Tacaíochta Scoláire go mbíonn leanúnachas tacaíochta ann don scoláire, an t-aistriú ón mbunscoil chuig an iarbhunscoil san áireamh
- Is féidir leis an gComhad Tacaíochta Scoláire rannpháirtíocht agus comhoibriú tuismitheoirí i bhfoghlaim an scoláire a spreagadh.
- Cabhraíonn an Comhad Tacaíochta Scoláire le scoileanna, leibhéal feiliúnach tacaíochta a chur ar fáil do scoláirí, ag teacht leis an leibhéal riachtanais atá acu.
- Coinníonn an Comhad Tacaíochta Scoláire an t-eolas ar fad maidir le tacaíocht don scoláire le chéile: eolas atá bailithe, pleananna, idirghabhálacha, comhairliúcháin agus athbhreithnithe

Feidhmiú an Chontanam Tacaíochta i gColáiste Ghobnait

Comhad an Scoláire um Leanúntas Tacaíochta: Tacaíocht Ranga

Riachtanais a aithint:

- Is í an Tacaíocht Ranga an chéim is coitianta nuair a thagann riachtanais chun solais agus sin í an chéad chéim i gColáiste Ghobnait.
- Baineann an chéim seo leis an múinteoir ábhair. Tá sé de dhualgas ar an múinteoir ábhair na dushláin agus na riachtanais acadúla, sóisialta agus mothúcháin a aithint chun freagairt dóibh. Tá seicliosta tacaíocht ranga le comhlánú ag an múinteoir ábhair agus síniú an Tuismitheora le fáil. Tá cóip den **seicliosta tacaíocht ranga (Aguisín 1)** le seoladh chuig Comhordaitheoir Riachtanais Breise na scoile le cuir isteach i gComhad um Leanúntas Tacaíochta.
- Nuair atá na dushláin aitheanta ag an múinteoir ábhair tá sé le túsicint ag an múinteoir ábhair go bhfuil riachtanais shainiúil ar leith ag an scoláire agus go bhfuil **plean tacaíocht ranga (Aguisín 2)** le cur i bhfeidhm ag an múinteoir ábhair. Cuirtear Plean Tacaíochta Ranga le chéile agus síníonn an múinteoir ranga agus na Tuismitheoirí/Caomhnóirí an phlean seo. Cuirtear an Phlean i bhfeidhm ar feadh achar ama réamhshocraithe.
- Tá ceithre threoirphrionsabail ann nár mhór aird a thabhairt orthu agus spriocanna á gceapadh do dhaltaí. Ba chóir do spriocanna a bheith:
 - Nasctha le measúnacht
 - Bunaithe ar láidreachtaí
 - Nasctha le hidirghabhálacha
 - Forbartha i gcomhpháirtíocht
- Beidh cóip den Phlean Tacaíochta Ranga atá sínithe ag an an múinteoir ranga agus na Tuismitheoirí/Caomhnóirí le tabhairt don Comhordaitheoir Riachtanais Breise le cuir isteach i 'gcomhad Tacaíochta Dalta' agus cabhróidh sé seo leis an scoil riachtanais agus dul chun cinn an scoláire a rianú thar thréimhse ama.
- Breactar síos na húdair imní atá ann agus nótáiltear chomh maith láidreachtaí agus ábhair spéise an scoláire. Ag an gcéim seo sa phróiseas, is féidir leas a bhaint as an eolas a bhailíonn an múinteoir agus í/é ag comhlánú an tSeicliosta Tacaíochta Ranga.
- Pléitear smaointe agus moltaí maidir le straitéisí/idirghabhálacha chun díriú ar riachtanais an scoláire i gcomhthéacs an tseomra ranga.
- Déantar athbhreithniú ar an bplean ar bhonn leanúnach. Dáta athbhreithniú le líonadh ar an teimpléad – sa chás seo, is iad an múinteoir ábhair saineolaí an ábhair agus is iad an tuismitheoir/caomhnóir is fearr atá aithne acu ar an scoláire agus a gcuid riachtanais. Mar sin, is iad an Tuismitheoir/Caomhnóir agus an múinteoir ábhair a dhéanamh cinneadh agus aontú ar an dáta athbhreithnithe.

Comhad an Scoláire um Leanúntas Tacaíochta: Tacaíocht Scoile

I go leor cásanna ní leor an tacaíocht ranga chun freastal ar riachtanais líon beag scoláirí na scoile. Sna casanna nach leor an tacaíocht ranga tá gá le **Seicliosta Tacaíocht Scoile (Aguisín 3)** a líonadh. Is iad an múinteoir ranga agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a dhéanann an cinneadh tús a chur le Plean Tacaíochta Scoile tar éis athbhreithniú a dhéanamh agus gan feabhas a bheith ag teacht ar rudaí.

Pléann an Comhordaitheoir Riachtanais Breise agus na tuismitheoirí/caomhnoiri na húdair imní, déantar taiféad orthu, agus nótailtear, freisin, láidreachtaí agus ábhair spéise an scoláire ag úsáid an Teimpléad **Plean Tacaíochta Scoile (Aguisín 4)**.

Tá cóip le cuir isteach i gComhad um Leanúntas Tacaíochta.

Is í bunsraith an Phlean Tacaíochta Scoile, ná faisnéis ar an scoláire a bhailiú go córasach. Áirítear ar an bhfaisnéis sin measúnú diagnóiseach agus breathnóireacht foghlama mar aon le breathnóireacht ar chúrsaí iompraíochta/mothúchana agus/nó scileanna sóisialta. Ag an gcéim seo sa phróiseas, is feidir leas a bhaint as an eolas a bailíodh nuair a bhí an Seicliosta Tacaíochta Scoile á chomhlánú.

Dréachtaíonn an Comhordaitheoir Riachtanais Breise, agus na tuismitheoirí/caomhnóirí an Plean Tacaíochta Scoile agus síníonn siad é. Cuirtear i bhfeidhm é ar feadh tréimhse ama réamhshocraithe. Déantar **athbhreithniú** ar an bplean go rialta. Tá **Aguisín 5** le líonadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Tacaíochta Scoile.

Comhad an Scoláire um Leanúntas Tacaíochta: Tacaíocht Scoile Móide

Cuirtear tús leis an Tacaíocht Scoile Móide más rud é go n-aontaítear nach bhfuil a dhóthain dul chun cinn á dhéanamh ag an scoláire nuair a bhíonn an Plean Tacaíochta Scoile á athbhreithniú.

Bíonn mionchuntas sa Phlean Tacaíochta Scoile Móide/Phlean Oideachais Aonair (POA) ar riachtanais an scoláire agus ar na hidirghabhálacha atá ag teastáil ag an leibhéal tacaíochta seo agus is tríd an bPlean a dhéantar monatóireacht ar an dul chun cinn. Tá tábhacht leis an eolas atá sa Chomhad Scoláire um Leanúntas Tacaíochta maidir leis na hathbhreithnithe ar an méid a cuireadh i gcrích cheana féin agus ba cheart an t-eolas sin a chur san áireamh sa Phlean Tacaíochta Scoile Móide/POA.

Cuireann an Plean Tacaíochta Scoile Móide, mar aon leis na tuairiscí ó dhaoine gairmiúla éagsúla, na taifid ar chomhairliúcháin agus cáipéisí ábhartha eile, leis an méid eolais atá le fáil cheana i gComhad an Scoláire um Leanúntas Tacaíochta, rud a ligeann don scoil riachtanais agus dul chun cinn an scoláire a rianú thar thréimhse ama.


Is iondúil go nglacann daoine gairmiúla agus seirbhísí tacaíochta seachtracha páirt sa phróiseas ag an gcéim seo agus bíonn miondíriú ar an réiteach faidhbe i gceist, ar mhaithe le cuidiú leis an scoláire. Bheifí ag súil go mbeadh an soláthar ag leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide dírithe ar na scoláirí is géire riachtanas.


Céimeanna:

1. Bileog Phléanála don Phlean Oideachais Aonair (**Aguisín 6**) – le líonadh ag múinteoir ábhair agus an Tuismitheoir/Caomhnóir agus tá sé seo le tabhairt don Chomhordaitheoir Riachtanais Breise.
2. Phlean Oideachais Aonair (**Aguisín 7**) le líonadh ag an gComhordaitheoir Riachtanais Breise.
3. Athbhreithniú Phlean Oideachais Aonair (**Aguisín 8**) – le líonadh ag an gComhordaitheoir Riachtanais Breise Oideachais.

Contanam Tacaíocht – Proiséas

Tá an modh machnaimh agus an bealach oibre a bhíonn i gceist ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta bunaithe ar phróiseas réiteach faidhbe agus is féidir an próiseas sin a léiriú mar seo a leanas:





Scríobhtar spriocanna mar scileanna inmhianaithe atá:

Sonrach
Iontomhaiste
Indéanta
Ábhartha
Am-Teoranta

Is ceart Spriocanna a leagan amach i dteanga dheifnídeach chun Monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn a éascú, *mar shampla*

Aithneoidh John an chéad 50 Focal Dolch i gceart, le cruinneas 80%.
Beidh Seán in ann abairt iomlán a rá ina mbeidh ábhar, briathar agus cuspóirí
Bainfidh Anne úsáid as a PECS chun briseadh gníomhaíochta a iarraidh

Seicliosta Tacaíochta Ranga (Aguisín 1)

Rang	Aois:	Rang:	Dáta an lae inniu:
Eolas Ginearálta	Seiceáilte Tá/Níl	Nótaí tráchta	
1. Teagmháil déanta le Tuismitheoirí			
2. Eolas bailithe ón scoil roimhe seo/ón naíonra			
3. Éisteacht			
4. Amharc			
5. Riachtanais Leighis			
6. Seicliosta na mBunriachtanas líonta isteach			
7. Measúnú/triail scagtha déanta			
8. Breathnóireacht ar an stíl/cur chuige foghlama			
9. Breathnóireacht ar an iompraíocht			
10. Comhrá/plé leis an scoláire			
11. Teagasc difreáilte curtha i bhfeidhm sa rang?			
12. An Timpeallacht foghlama curtha in oiriúint?			
13. Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint?			
14. Comhairliúchán neamhfhoirmiúil le daoine gairmiúla seachtracha			
Gá le gníomhú?			
Comhaontú leis na tuismitheoirí agus le baill foirne ábhartha maidir le plean gníomhaíochta			
Sínithe ag: Tuismitheoirí : _____ Múinteoir(í): _____			

Plean Tacaíochta Ranga/Athbhreithniú ar an bPlean (Aguisín 2)

Ainm:

Aois:

Bliain:

Dáta an Lae Inniu:

Láidreachtaí an Scoláire/Réimsí ina bhfuil Dul chun Cinn le feiceáil

Na hÚdair Imní atá ann/atá ann i gcónaí

Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann (Ceapaimid go bhfuil sé ag tarlú toisc ...):

Na spriocanna ba mhaith linn a bhaint amach:

Na straitéisí atá le húsáid:

Sna ranganna Acmhainne (Plean Faoi Láthair)

Sínithe ag:

Tuismitheoirí : _____ Múinteoir(í): _____

Dáta an athbhreithnithe agus torthaí (na spriocanna a baineadh / nár baineadh amach)

Toradh an Athbhreithnithe:

Plean Tacaíochta
Ranga Nua le haontú
/comhaontúNíl gá a thuilleadh
le Plean Tacaíocht
RangaPlean Tacaíochta
Scoile le cur ar bunLorg comhairliúchán le
duine gairmiúil eile
m.sh. síceolaí NEPS nó
teiripeoir urlabhra agus
teanga

Seicliosta Tacaíochta Scoile (*Aguisín 3*)

Ainm:	Aois:	Rang:	Dáta:
Eolas ginearálta	Seiceáilte Tá/Níl	Nótaí tráchta	
1. Teagmháil déanta le Tuismitheoirí			
2. Eolas faighte ón scoil roimhe seo/ón naíonra			
3. Éisteacht			
4. Amharc			
5. Riachtanais Leighis			
6. Seicliosta na mBunriachtanas líonta isteach			
7. Measúnú/trialacha scagtha déanta			
8. Breathnóireacht ar an stíl/ an cur chuige foghlama			
9. Breathnóireacht ar an iompraíocht			
10. Comhrá/plé leis an scoláire			
11. Teagasc difreáilte curtha i bhfeidhm sa rang			
12. An timpeallacht foghlama curtha in oiriúint			
13. Timpeallacht an chlóis/na scoile curtha in oiriúint			
14. Comhairliúchán/comhairle neamhfhoirmiúil (nó foirmiúil) le daoine gairmiúla seachtracha			
15. Comhairle ón múinteoir tacaíochta foghlama nó ó bhaill foirne eile scoile?			
16. Idirghabhálacha eile curtha i bhfeidhm sa scoil?			
Gá le gníomhú?			

Plean Tacaíochta Scoile (*Aguisín 4*)

Ainm an Scoláire:

Aois:

Dáta Tosaithe:

Múinteoir a Chomhordaíonn:

Rang:

Dáta an Athbhreithnithe:

Láidreachtaí & Ábhair Spéise an Scoláire

Na Príomhúdair Imní:

Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann: (*Tagairtí riachtanacha: 'Riachtanais Speisialta Oideachais - Leanúntas Tacaíochta: Pacáiste Acmhainne do Mhúinteoirí lgh' 18-21); 'Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta: Leanúntas Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí lgh. 80-108*)

Na Spriocanna ba mhaith linn a bhaint amach:

Na straitéisí atá le húsáid: (*Riachtanais Breise Oideachais - Leanúntas Tacaíochta, Treoirlínte do Mhúinteoirí lch. 23; Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta - Leanúntas Tacaíochta, lgh. 111-139*)

Cé a bheidh páirteach agus na hacmhainní a theastaíonn

Sínithe ag:

Tuismitheoirí : _____

Múinteoir(i): _____

Athbhreithniú ar an bPlean Tacaíochta Scoile (Aguisín 5)

Ainm an Scoláire:

Aois:

Rang:

I láthair don Athbhreithniú:

Dáta an
Athbhreithnithe:

Na spriocanna atá bainte amach agus cén fáth gur éirigh leo:

Na spriocanna nár baineadh amach agus cén fáth nár éirigh leo sin:

Céard iad na riachtanaí atá ar an scoláire faoi láthair?

Na gníomhaíochtaí atá molta – *céard* iad féin, *cé* a chuirfidh i gcrích iad, *conas* agus *cathain*:

Ráitis/Tuairimí an scoláire:

Tuairimí na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí:

Sínithe ag:

Tuismitheoir(í) : _____

Múinteoir(í): _____

Toradh an Athbhreithnithe:

Plean Tacaíochta
Scoile nua le
haontúFill ar an
bPróiseas
Tacaíochta
RangaPróiseas
Tacaíochta
Scoile Móide le
cur ar bunLorg
comhairliúchán
le duine
gairmiúil eile
m.sh. síceolaí
NEPS nó
teiripeoir
urlabhra agus
teanga

Tacaíocht Scoile Móide (*Aguisín 6*) Bileog Phléanála don Phlean Oideachais Aonair

Ainm:	Aois:	Rang:	Dáta:
Dul Chun Cinn go dtí seo/ Láidreachtaí: Cumas, scileanna agus buanna an scoláire agus cé chomh láidir is atá siad			
Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil Deacrachtaí leo: Na Riachtanais Breise atá i gceist agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar dhul chun cinn an scoláire			
Leibhéal feidhmíochta oideachais an scoláire faoi láthair			
Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais an scoláire			
Soláthar Speisialta Oideachais: Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta atá le cur ar fáil don scoláire			
Tuilleadh Eolais			
Sínithe ag: Tuismitheoir(i) : _____			
Múinteoir(i): _____			
Toradh an Athbhreithnithe:			

Tacaíocht Scoile Móide – Plean Oideachais Aonair (POA) (*Aguisín 7*)

Ainm an Scoláire:	Aois:	Dáta Tosaithe:
An Múinteoir a Chomhordaíonn:	Rang:	Dáta an Athbhreithnithe:
Tosaíochtaí/Spriocanna Fadtéarmacha:		
Spriocanna agus straitéisí gearrthéarmacha:		
Sprioc 1:	Straitéisí:	
Sprioc 2:	Straitéisí:	
Sprioc 3:	Straitéisí:	
Sprioc 4:	Straitéisí:	
Sínithe ag: Tuismitheoir(i) : _____ Múinteoir(i): _____		

Tacaíocht Scoile Móide – Athbhreithniú ar Phlean Oideachais Aonair (POA) (Aguisín 8)

Ainm an Scoláire:	Aois:	Rang:
I láthair don Athbhreithniú:		Dáta an Athbhreithnithe:
Dul chun cinn/Láidreachtaí		
Cumas, scileanna agus buanna an scoláire agus cé chomh láidir is atá siad		
Réimsí is gá a Fheabhsú/a bhfuil deacrachtaí leo		
Na Riachtanais Breise atá i gceist agus an chaoi ina gcuireann na riachtanais sin isteach ar dhul chun cinn an scoláire		
Leibhéal feidhmíochta oideachais an scoláire faoi láthair		
Achoimre ar Riachtanais Speisialta Oideachais an scoláire		
Soláthar Speisialta Oideachais Na seirbhísí oideachais speisialta agus na seirbhísí tacaíochta atá le cur ar fáil don scoláire		
Tuilleadh Eolais		
Sínithe ag: Tuismitheoir(i) : _____ Múinteoir(i): _____		
Toradh an Athbhreithnithe:		

Plean Tacaíochta Ranga/Athbhreithniú ar an bPlean (Aguisín 9)

Ainm:	Aois:	Rang:	Dáta an Lae Inniu:
-------	-------	-------	--------------------

Láidreachtaí an Scoláire/Réimsí ina bhfuil Dul chun Cinn le feiceáil

Na hÚdair Imní atá ann/atá ann i gcónaí

Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann (Ceapaimid go bhfuil sé ag tarlú toisc ...): *(Tagairtí riachtanacha: Riachtanais Breise Oideachais - Leanúntas Tacaíochta: Pacáiste Acmhainne do Mhúinteoirí (lgh. 2- 16); Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta: Leanúntas Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí (lgh. 64-69))*

Na spriocanna ba mhaith linn a bhaint amach:

Na straitéisí atá le húsáid: (Riachtanais Breise Oideachais - Leanúntas Tacaíochta, Treoirlínte do Mhúinteoirí p 14; Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta - Leanúntas Tacaíochta, lgh. 110-122)

Sínithe ag:

Tuismitheoirí : _____ Múinteoir(i): _____

Dáta an athbhreithnithe agus torthaí (na spriocanna a baineadh / nár baineadh amach)

Toradh an Athbhreithnithe:

Plean Tacaíochta Ranga Nua le haontú /comhaontú



Níl gá a thuilleadh le Plean Tacaíocht Ranga



Plean Tacaíochta Scoile le cur ar bun



Lorg comhairliúchán le duine gairmiúil eile m.sh. síceolaí NEPS nó teiripeoir urlabhra agus teanga



Liosta d'Oibreacha Samhraidh do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

Ciorclán 12/05

AGUISÍN 10 – DUALGAIS NA gCÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

Earcaítear Cúntóirí Riachtanas Speisialta go sonrach chun cuidiú le scoileanna seirbhísí neamh-theagaisc riachtanacha a chur ar fáil do dhaltaí a mbíonn riachtanais oideachais measúnaithe acu. Leagan an Príomhoide amach a ndualgais agus iad ag gníomhú thar ceann an Bhoird Bainistíochta. Maoirsíonn an Príomhoide nó múinteoir eile a gcuid oibre de réir mar a chineann an Príomhoide. I measc na ndualgas seo bíonn tascanna neamh-theagaisc ar nós:

1. Seomraí ranga a réiteach agus a choinneáil slachtmhar
2. Cuidiú le páistí scoile ag dul isteach agus amach as busanna scoile. Nuair a bhíonn gá leis, taisteal b'fhéidir in éineacht leo le linn uaireanta scoile ar an mbus scoile
3. Cúnamh speisialta a thabhairt, de réir mar is gá, do pháistí le deacrachtaí ar leith, mar shampla, cúnamh a thabhairt do dhaltaí ag a mbíonn Riachtanais Breise le clóscríobh, scríobh, ríomhairí nó úsáid eile as trealamh
4. Cúnamh i leith gléasadh, beathú, úsáid leithris agus sláinteachas ginearálta mar aon le bheith aireach faoi riachtanais sláinte agus sábháilteachta an dalta
5. Cúnamh a thabhairt taobh amuigh den scoil le linn cuairteanna, siúlóidí, scrúduithe agus gníomhaíochtaí dá leithéid sin
6. Cúnamh a thabhairt do mhúinteoirí le maoirseacht ar na scoláirí, le linn tionóil, caitheamh aimsire agus fágáil an tseomra ranga ar fháth amháin nó eile
7. Dul in éineacht le daoine aonair nó grúpaí beaga a bheadh á dtógáil amach ar feadh tamaill as an seomra ranga ar fháth amháin nó eile
8. Cúnamh ginearálta a thabhairt do na múinteoirí ranga le dualgais neamh-theagaisc, faoi threoir an Phríomhoide. (Ní féidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta gníomhú mar mhúinteoirí sealadacha ná múinteoirí ionaid). Ní féidir, ag am ar bith, iad a fhágáil astu féin i bhfeighil an ranga nó grúpa páistí
9. Páirt a ghlacadh sa bpleanáil d'fhorbairt na scoile nuair is cuí é, agus comhoibriú le hathruithe, polasaithe agus cleachtais a d'eascródh as an bpróiseas forbartha scoile
10. Idirghníomhú, trí struchtúir fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, le tuismitheoirí scoláirí a bhfuil Riachtanais Breise acu, faoi mar a theastaíonn ó bhainistíocht na scoile agus a threoraíonn siad
11. Dualgais eile a bhíonn oiriúnach don ghrád de réir riachtanas na ndaltaí agus na scoile ó am go ham. D'fhéadfaí obair eile a bheadh oiriúnach don ghrád a thabhairt do Chúntóirí Riachtanas Speisialta nuair a bhíonn scoláirí ag a mbíonn Riachtanais Breise as láthair nó nuair a thagann éilimh phráinneacha oibre chun cinn.

Gníomhaíocht RSO dírithe ar an dalta:

- Ionchur a bheith agat i riachtanais chúraim d'ullmhú Pleananna Cúraim Aonair
- Cúnamh a thabhairt le pleanáil cúraim
- Cúnamh agus eolas maidir le riachtanais chúraim a sholáthar d'ullmhú tuairiscí agus comhaid fhiseolaíocha agus scoile
- Cúnamh a thabhairt leis an bpróiseas aistrithe ó thaobh riachtanais chúraim daltaí a bhíonn ag aistriú ó scoil nó ionad oideachais amháin go ceann eile
- Cúnamh a thabhairt do dhaltáí le RSO lena gcuid oibre a thaispeáint
- Cúnamh a thabhairt leis an anailís ar thinreamh na ndaltaí le RSO
- Cuidiú leis na múinteoirí agus/nó leis an bPríomhoide chun dialann agus córas aonfhoirmeach monatóireachta scoile a choinneáil do dhaltáí le RSO
- Cuidiú leis an bPríomhoide nó le múinteoir eile a bhíonn ainmnithe ag an bPríomhoide chun próifíli faisnéise maidir le daltaí le RSO a ullmhú
- Faoi threoir an Phríomhoide nó an mhúinteora ainmnithe, cúnamh a thabhairt leis an eolas a bhíonn le cur le chéile don fhoireann don fhilleadh ar na ranganna sa bhliain acadúil nua m.sh. mír ar leith i lámhleabhar na foirne, go mór mór maidir leis an gcúram agus cúnamh a theastaíonn sa rang do dhaltáí le RSO.

Riarachán ar acmhainní foghlama:

- An Seomra Ranga, Seomra Acmhainne, Seomra Tacaíochta Foghlama, na seomraí ranga Neamhord de chuid Speictream an Uathachais agus na seomraí eile a úsáideann daltaí le RSO a ullmhú, a eagrú agus a choinneáil néata, mar aon leis an trealamh agus na hacmhainní a úsáidtear, á n-áireamh sin a bhaineann le TFC
- Ábhair agus trealamh a réiteach sna seomraí ranga a bhíonn á n-úsáid ag daltaí le RSO ag áireamh aon trealamh speisialaithe a úsáideann na daltaí le RSO a ghlanadh m.sh. méarchláir ríomhairí, deasca speisialta
- Cúnamh a thabhairt do dhaltáí le RSO chun a n-ábhar ranga, taispeántí, cláir, leabhair a chur le chéile agus a n-ábhar a ullmhú don rang.

Pleanáil agus forbairt ranga agus scoile:

- Páirt a ghlacadh sa bpleanáil d'fhorbairt na scoile agus i bhforbairt polasaithe nuair is cuí é, lena n-áirítear tagairt do chúnamh ar leith a theastaíonn ó dhaltáí le RSO chun páirt iomlán a ghlacadh sa scoil
- Pleanáil do ranganna an lae dár gcionn, go mór mór nuair a d'fhéadfadh go dteastódh cúram nó cúnamh breise do ranganna nó tionscadail áirithe
- Idirchaidreamh leis an múinteoir ranga
- Idirchaidreamh le múinteoirí eile ar nós na múinteoirí acmhainne agus/nó an Príomhoide
- Cruinnithe le tuismitheoirí mar is cuí ar aontú agus treoir an Phríomhoide agus/nó an mhúinteora ranga
- Ullmhú do agus freastal ar chruinnithe na foirne uile agus cruinnithe foirne

- Rannpháirtíocht a ghlacadh agus cúnamh a thabhairt le struchtúir oibriúcháin na scoile atá á bhfeidhmiú chun imeascadh agus rannpháirtíocht iomlán na ndaltaí le RSO sa scoil a éascú.

Scrúduithe (Scrúduithe Stáit agus Scoile):

- Cúnamh a thabhairt le socrú suas Ionaí Scrúdaithe Speisialta agus ionaí freastail chuí le haghaidh scrúduithe
- Cúnamh a thabhairt chun a chinntiú go mbíonn ionaí speisialta eagraithe i gceart, agus go mbíonn daltaí le RSO, a bhfuil Cúntóirí Riachtanas Speisialta acu, i láthair agus an trealamh cuí acu
- Nuair a bhíonn seomraí curtha in oiriúint chun iad a úsáid mar ionaí speisialta, tar éis na scrúduithe a bheith críochnaithe, cúnamh a thabhairt chun iad a chur ar ais do ghnáthúsáid scoile.

Oiliúint agus forbairt:

- Oiliúint (ar threoir náisiúnta nó scoile)
- Cúntóirí Riachtanas Speisialta a oibríonn leat a chur ar an eolas maidir le dea-chleachtas bunaithe ar eolas gairmiúil agus ó thaithí ar riachtanais oideachais agus cúraim daltaí le RSO, ar aontú agus treoir an Phríomhoide agus/nó an mhúinteora ranga,
- Uasoiliúint a fháil in úsáid TFC mar uirlisí foghlama do dhaltaí le RSO.

EILE:

- Obair eile a bhíonn oiriúnach don ghrád de réir riachtanais na ndaltaí le RSO agus na scoile.

Ciorclán 30/14

Liosta Tascanna a Bhaineann le Cúram Tánaisteach

- Spásanna oibre agus seomraí ranga a ullmhú agus a choinneáil néata nó cúnamh a thabhairt do pháiste nach bhfuil ábalta go fisiciúil spás oibre a ullmhú agus a choinneáil néata, ábhair a chur i láthair, obair a chur ar taispeáint nó aistriú ó ghníomhaíocht ceachta amháin go ceann eile. Cúnamh a thabhairt le glanadh na n-ábhar.
- Cúnamh a thabhairt leis na Pleananna Pearsanta Daltaí do pháistí le Riachtanais Breise oideachais, le fócas ar leith ar phlean cúraim a dhéanamh amach a fhreastalóidh ar riachtanais chúraim an dalta a bhíonn i gceist chomh maith le hathbhreithniú ar na pleananna sin.
- Cuidiú leis na múinteoirí agus/nó leis an bPríomhoide chun dialann nó córas monatóireachta cúraim do na daltaí a choinneáil, ag áireamh sonraí tinrimh agus riachtanais chúraim. Cúnamh a thabhairt le hullmhú na gcomhad agus ábhar scoile a bhaineann leis an gcúram agus cúnamh a theastaíonn sa rang ó dhaltaí le Riachtanais Breise.
- Pleanáil do ghníomhaíochtaí agus ranganna a mbeadh gá seans le riachtanais chúraim bhreise do ghníomhaíochtaí ar leith, idirghníomhú le múinteoirí ranga agus múinteoirí eile, leithéidí an mhúinteora acmhainne agus príomhoide na scoile, freastal ar chruinnithe le tuismitheoirí, ERSO, Síceolaithe NEPS nó cruinnithe foirne scoile ar aontú agus treoir ón múinteoir ranga/ón bpríomhoide.
- Cúnamh a thabhairt chun cur ar chumas dalta tabhairt faoi chlár teiripe nó síocoideachais ar nós ranganna do láimhseáil feirge nó scileanna sóisialta, faoi threoir phearsanra cáilithe¹, ag áireamh múinteoirí ranga nó múinteoirí tacaíochta.
- Cúnamh a thabhairt le go mbeidh daltaí in ann freastal ar nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil: siúlóidí nó cuairteanna, nuair nach féidir leis an bhfoireann teagaisc an cúnamh sin a thabhairt.

Ciorclán 39/2025

Pleanáil Fhada don Oideachas Speisialta

- Tá Coláiste Ghobnait ag teacht le treoir Ciorclán 0039/2025 maidir le pleanáil fhadtéarmach don oideachas speisialta. Déantar measúnú bliantúil ar riachtanais na scoile i gcomhar leis an NCSE, agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar pholasaithe iontrála chun a chinntiú go bhfuil siad cuimsitheach, cothrom agus ag teacht le critéir nuashonraithe. Tá an scoil ag tacú le spriocanna náisiúnta maidir le soláthar áitiúil agus ionchuimsitheach do gach scoláire le RBO.
- Tá an polasaí seo ag teacht le treoirlínte náisiúnta, lena n-áirítear Ciorclán 0039/2025, a leagann amach na prionsabail maidir le pleanáil fhadtéarmach don soláthar oideachais speisialta i scoileanna iar-bhunscoile.
- De réir Ciorclán 0039/2025, tá Coláiste Ghobnait tiomanta do phleanáil fhadtéarmach don soláthar RBO, lena n-áirítear measúnú ar riachtanais reatha agus todhchaíocha, comhoibriú le tuismitheoirí, agus úsáid éifeachtach acmhainní.
- Tá an scoil ag forbairt plean gníomhaíochta bunaithe ar Ciorclán 0039/2025 chun freastal ar riachtanais atá ag athrú, lena n-áirítear soláthar ranganna speisialta, acmhainní CRS, agus tacaíochtaí teiripeacha.
- Tá comh-mhúinteoireacht á chur chun cinn mar mhúnla tacaíochta ionchuimsithigh, ag cur ar chumas scoláirí le RBO páirt ionlán a ghlacadh sa seomra ranga príomhshrutha

Obair le déanamh – ní liosta iomlán é seo

Seomraí ranga a réiteach agus a choinneáil slachtmhar	Acmhainní sa scoil a shórtáil amach.
Athbhreithniú Bliantúil ar an obair a bhíonn déanta le gach páiste faoi shainchúram an Chúntóra Riachtanas Speisialta	Doiciméad Word a thugann taifead ar na spriocanna a baineadh amach, breathnóireacht a nótáladh, spriocanna molta srl.- Tuairisciú chun aiseolas a thabhairt don scoil agus eolas a bheith ar fáil chun pleanáil don chéad bhliain eile. Mír a chur san áireamh freisin maidir le rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar líne. Le nascadh isteach sa bPlean Oideachais Aonair i Meán Fómhair. Seol gach tuairisc le do thoil chuig an CRSO agus an Príomhoide.
Cúnamh a thabhairt leis an bpróiseas aistrithe ó thaobh riachtanais chúraim	Amchláir amhairc agus Leabhrán Ionduchtúcháin, áiseanna foghlama srl. do gach dalta a chruthú chun cuidiú le haistrithe, pictiúir múinteoirí srl.
Cúnamh a thabhairt do dhaltaí le RSO lena gcuid oibre a thaispeáint	B'fhéidir go gcaithfí seantaispeáintí sna seomraí ranga a thógáil anuas.
Sonraí ó VsWare a chur le chéile – ar thinreamh na ndaltaí le RSO	Le cur i ndoiciméad Word – Ainm an dalta, laethanta as láthair (dátaí), líon iomlán laethanta agus é a sheoladh chuig an mbainistíocht d'anailís.
Teimpléad a chruthú do dhialann agus córas aonfhoirmeach monatóireachta cúraim do dhaltaí le RSO	Doiciméad Word – le húsáid i Meán Fómhair do choinneáil taifead laethúil ar na daltaí uilig sna Ranganna Príomhshrutha a bhfuil riachtanais breise acu.
Próifíl ghearr ar gach dalta le RSO	Doiciméad Word a léiríonn na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis na daltaí, tuairimí a bheadh agat b'fhéidir faoi dhalta agus a d'fhéadfaí a úsáid nuair a bheadh próifílí faisnéise á n-ullmhú maidir le daltaí le RSO.
Eolas a chur le chéile don fhoireann don fhilleadh ar na ranganna sa bhliain acadúil nua	Cruthaigh doiciméad – maidir leis an gcúram agus cabhair a theastaíonn sa rang do dhaltaí le RSO. Eolas le cóipeáil ón nasc seo: https://www.sess.ie/categories/assessed-syndromes Cuir isteach diagnóis ábhartha uile na ndaltaí le RSO – agus straitéisí teagaisc agus foghlama Ar fáil sa nasc seo a leanas: https://www.sess.ie/resources Cruthaigh leabhrán maidir le Dífreáil, Bainistiú Iompraíochta, Litearthacht, Uimhearthacht. Cruthaigh treoir ar leith maidir leis na prótacail atá in áit do dhaltaí i Ranganna Speisialta – chun múinteoirí a chur ar an eolas sa gcás nach mbeadh

	Cúntóirí Riachtanas Speisialta i láthair sa seomra leis na daltaí.
Ábhair agus trealamh a bhíonn á n-úsáid ag daltaí RSO a réiteach sna seomraí ranga	Ullmhaigh acmhainní Litearthachta agus Uimhearthachta le húsáid sna ranganna Tacaíochta Foghlama.
Cúnamh a thabhairt do dhaltaí le RSO chun a n-ábharranga, cláir, leabhair, a chur le chéile agus a n-ábhar a ullmhú don rang	Curaclaim L2LP (Cláir Fhoghlama Leibhéal 2) agus na bileoga oibre a theastaíonn, srl a phriontáil do gach dalta. Cruthaigh fillteán crua agus ‘One Note’ do gach dalta ón 1ú go 3ú Bliain atá ag déanamh Cláir Fhoghlama Leibhéal 2. Cruthaigh fillteán crua do dhaltaí a bheidh ag teacht isteach i Ranganna Speisialta Chláir Fhoghlama Leibhéal 2. Cruthaigh pacáiste intreorach do gach deasc sa rang speisialta (Ní gá go dteastódh roinnt acu seo thuas, ag tagairt do Chláir Fhoghlama Leibhéal 2 agus Ranganna Speisialta, ach athbhreithneofar iad amach anseo).
Scrúduithe	Cúnamh a thabhairt le socrú suas Ionaid Scrúdaithe Speisialta agus ionaid freastail chuí le haghaidh scrúduithe. Cúnamh le tabhairt chun a chinntiú go mbíonn ionaid speisialta eagraithe i gceart, agus go mbíonn daltaí le RSO a bhfuil Cúntóirí Riachtanas Speisialta acu i láthair. Na seomraí seo a athrú ar ais go gnáthúsáid scoile tar éis na scrúduithe
Oiliúint	Páirt a ghlacadh in oiliúint chuí – ní mór eolas faoin oiliúint a bheidh á dhéanamh agat a sheoladh chuig bainistíocht na scoile sula dtugtar faoi. Cuirfidh BOOGR agus soláthraithe eile, a chuirfear in iúl, an oiliúint ar fáil. Seisiúin le cur in iúl.

D'fhéadfaí leas a bhaint as na foilsiúcháin seo a leanas nuair a théann an scoil i mbun Chomhad an Scoláire um Leanúntas Tacaíochta a ullmhú i dtaca le haon scoláire:

RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS
Leanúntas Tacaíochta : Treoirlínte do Mhúinteoirí



RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS
Leanúntas Tacaíochta : Pacáiste Acmhainne do Mhúinteoirí




Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta
Leanúntas Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí



Treoirlínte ar an bPróiseas um Plean Oideachais Aonair
(www.ncse.ie)



NCSE RELATE
([NCSE Relate – A Regulation-First Approach to Reframing Behaviour and Supporting Student Engagement and Participation](#))



Ag Tacú le Daoine Óga i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu
([Treoirlínte d'Iarbhunscoileanna](#))



Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach d'Iarbhunscoileanna

<https://assets.gov.ie/static/documents/Tascairi-ar-chleachtas-eifeachtach-di-iarbhunscoileanna.pdf>



Breis eolas & acmhainní ar fáil anseo

<https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/foilseachain/treoir%C3%ADnte-set-agus-doicim%C3%A9id-taca%C3%ADochta-chun-cabhr%C3%BA-le-scoileanna-taca%C3%ADocht-a-thabhairt-do-leana%C3%ADdaoine-%C3%B3ga-a-bhfuil-riachtanais-speisialta-oideachais-acu/#iar-bhunscoileanna>